RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/58 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Eanáir 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) An 4 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/683 ([2]) lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 ('boinn' nó 'táirge lena mbaineann') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín').

(2) An 18 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ([3]) lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an Rialachán frithdhumpála bunaidh').

(3) An 9 Samhain 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ([4]) lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála cinntitheach agus lena mbailítear go gcinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 ('an Rialachán frith-fhóirdheontais bunaidh').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán (AE) 2018/683 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 116, 7.5.2018, lch. 8).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 263, 22.10.2018, lch. 3).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 283, 12.11.2018, lch. 1).

(4) Tar éis do Chomhlachas Tionscail Rubair na Síne ('CRIA') agus Comhlachas Tráchtála Allmhaireoirí & Onnmhaireoirí Miotal, Mianraí agus Ceimiceán na Síne ('CCCMC') agóid a thaisceadh, chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an Rialachán bunaidh ar neamhní an 4 Bealtaine 2022 ina breithiúnas i gcásanna uamtha T-30/19 agus T-72/19 ([5]) ('Breithiúnas na Cúirte'), na Rialacháin frithdhumpála bunaidh agus frith-fhóirdheontais bhunaidh a mhéid a bhaineann le roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin.

(5) Tar éis bhreithiúnas na Cúirte, d'athoscail an Coimisiún na himscrúduithe agus an 4 Aibreán 2023, d'ath-fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 ón gCoimisiún ([6]) ('an dara Rialachán frithdhumpála') agus dleacht frithchúitimh chinntitheach le Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/738 ón gCoimisiún ([7]) ('an dara Rialachán frith-fhóirdheontais).

(6) An 6 Meán Fómhair 2024, d'fhoirceann an Coimisiún dhá pháirt-athbhreithniú eatramhacha ar na bearta frithdhumpála agus frithchúitimh is infheidhme maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. ([8]) ([9]).

(7) Is in euro in aghaidh na hítime atá na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair, idir EUR 0 agus EUR 35,74 in aghaidh na hítime.

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(8) Tar éis foilsiú fógra maidir le dul in éag ([10]) atá le tarlú, fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ('an bun-Rialachán').

(9) Is í an Chomhghuaillíocht in aghaidh allmhairí éagóracha bonn ('an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 19 Iúil 2023 thar ceann thionscal an Aontais maidir le haerbhoinn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha, ar dhul in éag na mbeart, go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfar an dumpáil agus an díobháil do thionscal an Aontais an athuair.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(10) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 20 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann') isteach san Aontas ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([11]) ('an fógra tionscnaimh').

([5]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra, Comhdhéanamh Méadaithe) an 4 Bealtaine 2022, *Comhlachas Tionscail Rubar na Síne (CRIA) agus Comhlachas Tráchtála Allmhaireoirí & Onnmhaireoirí Miotal, Mionraí & Ceimiceán na Síne (CCCMC)* v *An Coimisiún Eorpach*, T-30/19 agus T-72/19, EU:T:2022:226.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcásanna uamtha T-30/19 agus T-72/19 (IO L 96, 5.4.2023, lgh. 9-44).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/738 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcásanna uamtha T-30/19 agus T-72/19 (IO L 96, 5.4.2023, lch. 45).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2217 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2024 lena bhfoirceanntar an páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frith-fhóirdheontais is infheidhme maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2219 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2024 lena bhfoirceanntar an páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([10]) IO C 29, 26.1.2023, lch. 45.

([11]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO C 379, 20.10.2023.

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(11) An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go deireadh thréimhse an imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(12) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun páirt a ghlacadh san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, na táirgeoirí aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, na hallmhaireoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(13) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.6. **Sampláil**

(14) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(15) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn na nithe seo a leanas:

— Ionadaíocht fhoriomlán i dtéarmaí mhéid tháirgeacht agus mhéid díolachán an táirge chomhchosúil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe;

— ionadaíochas na leibhéal ([12]) i dtéarmaí mhéid tháirgeacht agus mhéid díolachán an táirge chomhchosúil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe;

— raon geografach agus ionadaíochas tháirgeoirí an Aontais i dtéarmaí catagóire, is é sin idir FBManna agus cuideachtaí níos mó.

(16) Is é a bhí sa sampla sin sé tháirgeoir de chuid an Aontais. Chuimsigh táirgeoirí sampláilte an Aontais breis agus 25 % de mhéid iomlán táirgeachta agus díolachán measta an táirge chomhchosúil san Aontas.

(17) I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Níor cuireadh aon bharúil faoina bhráid. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

Allmhaireoirí a shampláil

(18) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(19) Chuir allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin é féin in iúl don Choimisiún ach níor sholáthair sé an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. Níor tháinig aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe eile chun cinn.

([12]) Mínítear an deighilt idir leibhéil i roinn 2.4.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne a shampláil

(20) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne agus ar chomhlachais táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(21) Sholáthair trí cinn de tháirgeoirí onnmhairiúcháin nó de ghrúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh siad a bheith curtha san áireamh sa sampla. Chumhdaigh dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin thart ar 50 % den mhéid tuairiscithe a onnmhairíodh chuig an Aontas Eorpach le linn na tréimhse Iúil 2022-Meitheamh 2023 agus fuarthas nach raibh méid onnmhairí an tríú táirgeoir onnmhairiúcháin suntasach. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Níor tugadh aon bharúil.

(22) San imscrúdú bunaidh, d'aontaigh 49 dtáirgeoir onnmhairiúcháin go n-áireofaí sa sampla iad. San imscrúdú athbhreithnithe reatha cé gur liostaíodh níos mó ná 140 táirgeoir onnmhairiúcháin sa ghearán, níor thug ach 3 tháirgeoir onnmhairiúcháin nó grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin freagra samplála.

(23) Chuimsigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha thart ar 50 % de mhéid iomlán allmhairí bonn ón tSín isteach san Aontas Eorpach agus bhí níos lú ná 2 % de tháirgeadh iomlán bonn sa tSín i gceist leo. Ós rud é go raibh sciar thart ar 5.4 % de mhargadh an Aontais ag allmhairí ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mheas an Coimisiún go soláthródh leath de na hallmhairí sin faisnéis leordhóthanach chun measúnú a dhéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin agus ar leanúnachas nó atarlú na dumpála le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus, dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil siad ionadaíoch ar iomlán na n-allmhairí ón tSín.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(24) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(25) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig an dá ghrúpa sampláilte onnmhaireoirí agus chuig na sé tháirgeoir shampláilte an Aontais. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([13]) freisin lá an tionscnaimh. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig an iarratasóir.

(26) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ón dá ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin agus ó shé tháirgeoir de chuid an Aontais. Bhí an freagra a fuarthas ó tháirgeoir amháin de chuid an Aontais, Recauchutagem São Mamede, Lda ('RSM') easnamhach agus d'iarr an Coimisiún ar an táirgeoir sin a fhreagra a chomhlánú. Ní bhfuarthas aon fhreagra eile, agus chuir an Coimisiún in iúl do RSM go bhfuil sé ar intinn aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil. Ní bhfuarthas aon bharúil eile ón táirgeoir sin de chuid an Aontais.

(27) Dá bhrí sin, d'úsáid an Coimisiún na sonraí a sholáthair na cúig tháirgeoir eile de chuid an Aontais. Gan sonraí a fháil ó RSM, ní raibh ach tionchar imeallach aige sin ar ionadaíochas an tsampla. Na cúig tháirgeoir eile de chuid an Aontais, baineann breis agus 25 % de mhéid iomlán measta tháirgeacht agus dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas leo go fóill. Dá bhrí sin, measadh go raibh an sampla eile sin de chúig tháirgeoir de chuid an Aontais ionadaíoch do thionscal an Aontais.

(28) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne.

([13]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2687.

(29) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfar an athuair iad agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Lapin Kumi Oy, an Fhionlainn

— RuLa-BRW GmbH, an Ghearmáin

— Marangoni S.P.A, an Iodáil

— dhá tháirgeoir de chuid an Aontais a d'iarr rúndacht

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne

— Giti Tire (an tSín) Investment Co., (Shang-hai); Giti Tire (Anhui) Co., Ltd; (Hefei); Giti Tire (Hualin) Co., Ltd (Hualin);

— Shanghai Hankook Tire Sales Co., Ltd (Shanghai); Chongqing Hankook Tire Co., (Chongqing) Ltd; Jiangsu Hankook Tire Co, Ltd (Jiangsu).

1.8. **Nós imeachta ina dhiaidh sin**

(30) An 11 Samhain 2024, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil i bhfeidhm. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(31) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha arna dtabhairt ag na páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Deonaíodh éisteacht do na páirtithe a d'iarr amhlaidh. Tionóladh éisteacht arna iarraidh sin do Giti.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(32) Is é an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo aerbhoinn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, atá faoi chóid AC 4011 20 90 agus ex 4012 12 00 (cód TARIC 4012 12 00 10) faoi láthair. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC gan dochar d'aon athrú a dhéanfaí ar an aicmiú taraife ina dhiaidh sin ('an táirge faoi athbhreithniú').

(33) Cumhdaítear leis an táirge faoi athbhreithniú aerbhoinn nua agus atráchtaithe araon le haghaidh busanna nó leoraithe a bhfuil na bunsaintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna acu. Tá an dá chineál táirge lena mbaineann déanta as an ionchur céanna (fiú má tá an teicneolaíocht lena mbaineann éagsúil) agus tá struchtúr comhchosúil acu. Tugann an éagsúlacht in amhábhair agus struchtúr tréithe feidhmíochta éagsúla.

2.2. **Modh monaraíochta**

2.2.1. *Boinn nua*

(34) Tá na nithe seo a leanas i gceist le próiseas monaraíochta na mbonn nua leoraithe agus busanna: (1) rubar a chumasc agus a mheascadh; (2) ullmhú comhpháirteanna bonn; (3) déanamh bonn (glas); (4) cruachan (bolcáiniú); agus (5) an chigireacht deiridh. Déantar gach bonn leoraí agus bus as na hamhábhair bhunúsacha chéanna, eadhon rubar nádúrtha, rubar sintéiseach, cruach, dubh carbóin, ceimiceáin agus olaí eile chomh maith le fabraic agus tá na comhpháirteanna céanna acu, eadhon crios tráchta, taobh-bhalla, cásáil istigh, sreanga coirníní, criosanna cruach, cordaí cásála, fiú má aimsítear éagsúlacht áirithe idir táirgeoirí éagsúla an táirge seo.

(35) Fuarthas amach freisin go raibh teicneolaíochtaí éagsúla i gceist le próiseas monaraíochta na mbonn nua leoraithe agus bus, rud nach raibh tionchar aige, áfach, ar thorthaí foriomlána na hidirmhalartaitheachta.

2.2.2. *Boinn atráchtaithe*

(36) Go bunúsach, is próiseas athchúrsála é atráchtadh trína ndéantar boinn chaite a athchóiriú tríd an trácht a athsholáthar ar sheanchásáil. Is príomhghnéithe den phróiseas atráchta iad cásálacha, agus, dá bhrí sin, is cuid shubstaintiúil de ghníomhaíocht an atráchtóra iad cásálacha atá oiriúnach lena n-atráchtadh a roghnú agus a fháil. Dá bhrí sin, is iad cásálacha príomhionchur an phróisis táirgthe agus is ionann iad — ag brath ar a gcáilíocht — agus fíortháirge 'leathchríochnaithe' nó dramhaíl.

(37) Arís, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí éagsúla a bheith i gceist leis an bpróiseas sin gan tionchar a imirt ar thorthaí idirmhalartaitheachta an Choimisiúin.

2.3. **Úsáidí agus cineálacha bonn**

(38) Táirgtear boinn leoraithe agus busanna i réimse leathan cineálacha agus méideanna a fhaightear ar raon leathan feithiclí tráchtála, ó leoraithe seachadta áitiúla agus busanna i suíomhanna uirbeacha nó réigiúnacha go dtí na leoraithe agus na busanna cianaistir de réir a méide agus a sonraíochtaí innéacs ualaigh. Níl siad oiriúnach lena n-úsáid ar fheithiclí paisinéirí ná ar fheithiclí tráchtála éadroma eile ná le haghaidh feithiclí atá go hiomlán lasmuigh den bhóthar amhail tarracóirí talmhaíochta.

(39) Díoltar boinn le haghaidh leoraithe nó busanna in dhá chineál agus i gceithre chatagóir. Is rogha níos traidisiúnta é bonn de chineál feadáin; tá feadán istigh aige, a bhfuil a chomhla féin aige, atá curtha taobh istigh den bhonn. I mbonn gan feadán, déanann an bonn agus imeall an rotha séala aerdhíonach, agus an comhla suite go díreach ar an imeall. Is boinn gan feadán iad tromlach mór na mbonn le haghaidh leoraithe nó busanna a dhíoltar san Aontas. Is iad seo a leanas na ceithre chatagóir bonn le haghaidh leoraithe nó busanna: stiúradh, tiomáint, leantóir agus ilsuíomh. Tá boinn stiúrtha deartha lena n-úsáid ar an acastóir tosaigh chun cabhrú le stiúradh ach is féidir iad a úsáid i ngach suíomh ar na leoraithe nó ar an mbus ag brath ar úsáid na feithicle. Tá boinn tiomána deartha don traein tiomána agus soláthraíonn siad tarraingt níos fearr. Tá boinn leantóra deartha lena bhfeistiú ar leantóirí, agus tá boinn ilsuímh deartha lena n-úsáid i ngach suíomh ar fheithicil ag brath ar a n-úsáid.

(40) Tá boinn, bídís nua nó atráchtaithe, faoi réir na gceanglas sábháilteachta céanna ar mhargadh an Aontais agus atá leagtha amach i dTreoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]).

2.4. **Deighilt i dtrí leibhéal de mhargadh an Aontais le haghaidh bonn**

(41) Léiríonn an fhaisnéis a bhailigh agus a fuair an Coimisiún go bhfuil margadh an Aontais do bhoinn busanna agus leoraithe deighilte ina thrí leibhéal nó ina thrí dheighleog. Cé nach bhfuil aon línte deighilte soiléire i measc na leibhéal, tá comhaontú ginearálta i measc na bpáirtithe leasmhara agus torthaí an Choimisiúin maidir leis an gcatagóiriú seo a leanas.

(42) Le boinn leibhéal 1 cumhdaítear boinn nua phréimhe le branda suaitheanta na bpríomh-mhonaróirí. Is príomhthoisc é aitheantas branda do bhoinn ar an leibhéal sin agus tugann sé údar le praghsanna i bhfad níos airde le haghaidh feidhmíochtaí arda a bhfuiltear ag súil leo chomh maith le hinfheistíochtaí margaíochta an-láidir. Áirítear buntrealamh le haghaidh boinn leoraithe nó monaróirí busanna ('OE1') go príomha sa leibhéal sin. Áirithítear le cáilíocht bhoinn leibhéal 1 ardleibhéal in-atráchtaitheachta do na boinn atá deartha le bheith ina mboinn 'ilsaolré', rud a mhéadaíonn míleáiste an táirge bhunaidh i bhfad níos airde (suas le trí atráchtadh le haghaidh gnáthúsáide). Tá leibhéal níos airde sábháilteachta ag baint le boinn leibhéal 1 freisin agus is minic a bhíonn leibhéal maith seirbhísí iardhíola ag gabháil leo.

(43) Cumhdaíonn boinn leibhéal 2 formhór na mbonn neamhphréimhe, idir bhoinn nua agus atráchtaithe, agus praghsanna idir thart ar 65 % agus 80 % de phraghas bhoinn leibhéal 1. Féadfar buntrealamh le haghaidh bonn monaróirí leantóirí ('OE2') a áireamh ar an leibhéal sin. Tá aitheantas branda tábhachtach i gcónaí sa leibhéal sin agus is iondúil go mbíonn aithne mhaith ag ceannaitheoirí ar bhrandaí a bhíonn in ann na monaróirí bonn a shainaithint freisin. De ghnáth bíonn siad inatráchtaithe uair amháin ar a laghad agus, cé go bhfuil siad níos teoranta ná boinn leibhéal 1, soláthraíonn siad dea-fheidhmíocht ó thaobh míleáiste de.

([14]) Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

(44) Cumhdaítear le boinn leibhéal 3 boinn nua agus boinn atráchtaithe araon ag a bhfuil feidhmíochtaí míleáiste níos ísle agus in-atráchtaitheacht an-teoranta, más ann dóibh. Is iondúil go mbíonn praghas níos lú ná 65 % de phraghas agus d'fheidhmíocht mhíleáiste bhoinn leibhéal 1 orthu. Sa tsraith sin, is beag an t-aitheantas branda atá ann agus is é an praghas an fachtóir cinntitheach i gcinneadh an chustaiméara a cheannach. De ghnáth ní chuirtear seirbhísí iardhíola ar fáil dóibh.

(45) Is féidir boinn atráchtaithe a aicmiú faoi leibhéal 2 nó leibhéal 3. Cé go bhfuil roinnt bonn Síneach inatráchtaithe, is beag atráchtadh a dhéantar sa tSín. Tá atráchtadh forleathan, áfach, san Aontas agus i margaí eile, mar shampla sa Bhrasaíl. Is éard atá sa ghníomhaíocht atráchta san Aontas:

— atráchtairí comhtháite atá ag gníomhú faoi ainm, branda nó sainordú táirgeora bonn nua. Feictear iad go bhfuil siad ag leanúint na mbrandaí a dhíolann na boinn nua. Comhfhreagraíonn sé sin do bhoinn leibhéal 2,

— atráchtóirí neamhspleácha a chlúdaíonn margaí agus méideanna geografacha i bhfad níos lú de ghnáth. Díolann siad boinn faoina n-ainm nó a mbranda féin agus bíonn siad ag brath ar a saineolas féin. Is FBManna iad a bhformhór (níos mó ná 400 táirgeoir san Aontas). Comhfhreagraíonn sé sin do bhoinn leibhéal 3.

(46) Chuir an Coimisiún an mhapáil chéanna ar bhoinn nua agus atráchtaithe i bhfeidhm de réir branda agus a cuireadh i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh. Chuir an gearánach an fhaisnéis sin ar fáil freisin agus cuireadh ar fáil í do na páirtithe leasmhara uile lá an tionscnaimh.

2.5. **An táirge lena mbaineann**

(47) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an táirge lena mbaineann').

2.6. **An táirge comhchosúil**

(48) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(49) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Réamhbharúlacha**

(50) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh d'allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéal ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bhunaidh (i.e. ón 1 Iúil 2016 go dtí an 30 Meitheamh 2017). De réir Eurostat, allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 ó Dhaon-Phoblacht na Síne, chuimsigh siad thart ar 5.4 % de mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le sciar 21.3 % den mhargadh le linn an imscrúdaithe bunaidh. Is i ndearbhthéarmaí atá na figiúirí sin.

(51) Mar a luaitear in aithris (22), chomhoibrigh trí ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín san imscrúdú, arb é atá acu thart ar 50 % de mhéid iomlán na n-allmhairí bonn ón tSín isteach san Aontas Eorpach.

3.2. **An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le haghaidh allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne.**

(52) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir leis an tSín, gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(53) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú le haghaidh chur i bhfeidhm féideartha Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun boinn a tháirgeadh. Chuir an dá ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(54) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(55) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(56) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

(57) An 23 Eanáir 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, eadhon an Bhrasaíl, an Indinéis, an Mhalaeisia, an Téalainn, an Tuirc agus an Afraic Theas mar thír ionadaíoch iomchuí.

(58) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an gcéad nóta ón iarratasóir, Giti agus Hankook.

(59) An 16 Iúil 2024, agus tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha a fuarthas agus ar an bhfaisnéis bhreise a sholáthair Hankook, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas le dara nóta ('an Dara Nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus an Tuirc mar an tír ionadaíoch.

(60) Chuir sé in iúl freisin do na páirtithe leasmhara go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil maidir leis na cuideachtaí Brisa Bridgestone agus Goodyear Lastikleri Turk, ar táirgeoirí iad sa tír ionadaíoch.

(61) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an Dara Nóta ón iarratasóir, Giti agus Hankook. Tugtar aghaidh go mion ar na barúlacha go léir i Roinn 3.3.

(62) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur cheart gnáthluach a ríomh trí úsáid a bhaint as an modh a leagtar amach in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, agus gur cheart costais agus praghsanna sa tSín a dhiúltú.

3.3. **An Gnáthluach**

(63) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *'[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'*.

(64) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa'* agus *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar *'costais riaracháin, díola agus ghinearálta'*).

(65) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(66) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i *'saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas orthu'*. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas:

— *an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;*

— *An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;*

— *beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;*

— *maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;*

— *saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;*

— *rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'*

(67) Ós rud é gur liosta neamhcharnach atá in Airteagal (2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar na tosca fíorasacha céanna a úsáid chun a thaispeáint gur ann do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe ar an liosta.

(68) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá idir lámha. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh le cinneadh an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.

(69) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán *'[i] gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta'*.

(70) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ('an Tuarascáil') ([15]), ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstainteach rialtais ar a lán leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i gcuid mhaith príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhar agus saothar) chomh maith le hearnálacha roghnaithe (amhail earnáil na gceimiceán, ….). Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil maidir leis an tSín sa chomhad imscrúdaithe ag céim an tionscnaimh. Bhí roinnt fianaise ábhartha san iarratas freisin a chomhlánaíonn an Tuarascáil.

(71) Bhraith an tIarratasóir ar an bhfianaise atá sa Tuarascáil chun a mhaíomh go ndéanann uileláithreacht Rialtas na Síne difear mór do thionscal bonn na Síne féin, chomh maith le hearnálacha réamhtheachtacha eile atá ríthábhachtach do tháirgeadh bonn, amhail rubar, fuinneamh, cruach chomh maith leis an tionscal gluaisteán iartheachtach, rud a fhágann go bhfuil praghsanna agus costais saofa go mór. Cuireann an t-iarratasóir i dtábhacht láithreacht agus tionchar Pháirtí Cumannach na Síne ar an ngeilleagar ag brath ar 'Chinneadh 2018 ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne (PCS) maidir le hathchóiriú níos doimhne ar institiúidí Páirtí agus Stáit', óráid Uachtarán na Síne ag an 20ú Comhdháil náisiúnta den Pháirtí Cumannach, foilsiú 2020 ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne d'Ordú ina ndearbhaítear go sainráite go bhfuil sé beartaithe láithreacht bhreise Stáit a thabhairt isteach i gcuideachtaí príobháideacha agus ina n-iarrtar go gcuirfí oideachas polaitiúil agus idé-eolaíoch ar stiúrthóirí cuideachtaí príobháideacha. Shonraigh an tIarratasóir go bhfuil cineálacha éagsúla idirghabhálachais ag Rialtas na Síne, ar féidir iad a chatagóiriú go bunúsach thart ar thrí ais éagsúla: riaracháin, airgeadais agus rialála.

(72) Chuir an t-iarratasóir in iúl go n-eisítear pleananna ar leibhéil éagsúla rialtais – Stáit, cúigí, bardais – agus go gcuirtear i gcrích iad le pleananna earnála. Tá na pleananna sin ceangailteach sa dlí, ní mór iad a chur chun feidhme ar gach leibhéal agus, mar thoradh air sin, beidh impleachtaí an-díreach leo maidir le rochtain ar mhaoiniú, córais chánachais nó roghanna a ghlacann na cuideachtaí. Thagair sé go háirithe don 14ú plean cúig bliana is infheidhme do na blianta 2021-2025 ar ar a bhonn a mheas sé gur léir ról gníomhach an Stáit sa gheilleagar trína ról a leagan amach, mar shampla, chun codanna iomlána de gheilleagar na Síne a 'chur chun cinn', a 'neartú' nó a 'thógáil'. Tagann an t-iarratasóir ar an gconclúid go bhfuil sé d'aidhm ag na Pleananna Cúig Bliana freisin nasc níos láidre a thógáil idir Rialtas na Síne agus fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit agus go bhfuil sé d'aidhm acu an córas maoirseachta ar shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit a mhéadú tuilleadh. D'fhéadfadh sé sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear caillteanais sócmhainní faoi úinéireacht an Stáit a chosc go héifeachtach.

(73) Cuireann an t-iarratasóir i bhfios go láidir go bhfuil forlámhas ag bainc faoi úinéireacht an Stáit ('SOB') ar chóras airgeadais na Síne, nach mór dóibh a bheith i gcomhréir le beartais an rialtais, seachas a bheith ag feidhmiú de réir phrionsabail an mhargaidh. Luadh ann freisin go ndéantar idirghabháil rialála Rialtas na Síne go príomha trí bhíthin rialachán maidir le soláthar poiblí agus rialacha infheistíochta.

(74) Thagair an t-iarratasóir freisin do thorthaí an Choimisiúin i roinnt imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir leis na hearnálacha cruach agus peitriceimiceán sa tSín, inar deimhníodh go bhfuil saobhadh suntasach ann maidir le príomh-ionchuir i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann, eadhon na himscrúduithe a bhaineann le táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ([16]), táirgí cruach atá brataithe le cróimiam leictrealaíoch ([17]), slata sreinge ([18]), córais leictreoidí graifíte áirithe ([19]), sileacan ([20]), agus snáthanna poileistir ardrighnis ([21]).

([15]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD (2017) 483 final/2.

([16]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/433 ón gCoimisiún an 15 Márta 2022, lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise, IO L 88, 16.3.2022, lch. 24.

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2022, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cruach le bratú cróimiaim leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle IO L 143, 23.5.2022, lch. 11.

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1805 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí slat sreinge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle IO L 364, 13.10.2021, lch. 14.

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/558 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí córas áirithe leictreoidí graifíte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne IO L 108, 7.4.2022, lch. 20.

([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí sileacain arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré agus ón Téaváin a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré nó na Téaváine iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 211, 12.8.2022, lch. 86.

([21]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/934 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí snáthanna ardrighnis as poileistir de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) agus páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 127, 12.5.2023, lch. 1.

(75) Thairis sin, meabhraíodh san iarratas na heilimintí seo a leanas a bhfuil saobhadh suntasach mar thoradh orthu.

(76) Ar an gcéad dul síos, is iad fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi rialú, nó faoi mhaoirseacht nó treorú beartais údarás stáit a bhíonn ag freastal, cuid mhór, ar an tionscadal bonn.

(77) D'áitigh an t-iarratasóir go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne fós sa tionscal réamhtheachtach maidir leis an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear na cuideachtaí agus na grúpchuideachtaí seo a leanas:

— China Petroleum & Chemical Corporation ('Sinopec'), ceann de phríomhtháirgeoirí rubair shintéisigh na Síne;

— Petro China, ceann de phríomhtháirgeoirí rubair shintéisigh na Síne;

— Suzhou Baohua Carbon Black Co., Ltd, comhalta de Ghrúpa Baowu faoi úinéireacht stáit, atá gníomhach sa tionscal dubh carbóin;

— Jiangxi Heimao Carbon Black Co., Ltd, atá gníomhach sa tionscal dubh carbóin;

— Shaanxi Provincial Natural Gas Co., Ltd atá gníomhach sa tionscal dubh carbóin atá faoi rialú Shaanxi Gas Group Co., Ltd agus arb é SASAC Chúige Shaanxi a úinéir tairbhiúil;

— China Synthetic Rubber Corporation, atá gníomhach sa tionscal carbóin dubh;

— Hainan Natural Rubber Industry Group Co., Ltd, an monaróir rubair nádúrtha is mó sa tSín, atá faoi úinéireacht 61 % ag Hainan SASAC;

— Sinochem International, cuideachta pheitriceimiceach ar cuideachta faoi úinéireacht stáit í a oibríonn sa tionscal rubair nádúrtha;

— China Baowu Steel Group Co. Ltd, ('Baowu') atá gníomhach san earnáil cruach;

— Shanxi Taiyuan Iron & Steel Co. Ltd (TISCO), atá gníomhach san earnáil cruach, faoi úinéireacht thromlach Baowu;

— Anshan Iron & Steel Group Corporation ('Ansteel Group'), atá gníomhach san earnáil cruach;

— Grúpa HBIS, atá gníomhach san earnáil cruach;

— Shandong Steel Group atá gníomhach san earnáil cruach;

— Shandong Demian Group Co., Ltd atá gníomhach san earnáil teicstíle;

— China Hi-Tech Group Corporation, atá gníomhach san earnáil teicstíle agus atá faoi úinéireacht SOE Sinomach.

(78) D'áitigh an t-iarratasóir freisin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne fós i dtionscal an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear na cuideachtaí agus na cuideachtaí grúpa seo a leanas:

— Aeolus Tyre Co. Ltd, arb é China National Chemical Corporation ('ChemChina') a scairshealbhóir rialaithe, cuideachta faoi úinéireacht stáit atá faoi réir SASAC;

— Qingdao Doublestar, a bhfuil 41,71 % de i seilbh dhíreach fiontar éagsúil faoi úinéireacht stáit, agus is é SASAC Rialtas Phobal Bardasach Qingdao an rialaitheoir iarbhír;

— Shuangqian Tire Group Co., Ltd, atá i seilbh Shanghai Huayi Group, cuideachta faoi úinéireacht stáit atá faoi choinneáil Shanghai Huayi Holding Group Co., Ltd Shanghai Guosheng (Group) Co., Ltd agus Shanghai Guosheng Group Investment Cothree, ar cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad go léir atá faoi rialú SASAC Shanghai;

— Guizhou Tyre Co, Ltd

(79) D'áitigh an t-iarratasóir freisin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne fós sa tionscal iartheachtach maidir leis an táirge lena mbaineann, agus ina measc tá na cuideachtaí agus na cuideachtaí grúpa seo a leanas:

— China National Heavy Duty Truck Group Corp., Ltd Company, monaróir trucail tromshaothair ar fiontar faoi úinéireacht stáit é;

— FAW Jiefang atá 80 % faoi úinéireacht an SASAC;

— Jiangling Motors Corporation, Ltd, atá á choinneáil go páirteach ag an SASAC agus SASAC Sanchong;

— BAIC Foton Motor Co., Ltd a bhfuil SASAC Bhéising aige mar eintiteas rialaithe;

— Dongfeng Motor Corporation, cuideachta faoi úinéireacht stáit.

(80) Dá bhrí sin, thug an t-iarratasóir faoi deara go stiúrann agus go rialaíonn Rialtas na Síne cuideachtaí thionscal bonn na Síne faoi phrionsabail neamh-mhargaidh, rud a mbíonn saobhadh suntasach mar thoradh air ar fud an tionscail.

(81) Ar an dara dul síos, cuireann láithreacht an stáit i gcuideachtaí bonn ar chumas na n-údarás cur isteach ar phraghsanna agus/nó ar chostais.

(82) De réir an iarratais, feidhmítear smacht ar gheilleagar na Síne trí chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne a chur chun feidhme i bhfiontair, idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí, a bhfuil ról ceannasach acu maidir le feidhmiú na cuideachta agus a pearsanra. Chuir an t-iarratasóir i dtábhacht freisin gur glacadh roinnt rialachán le blianta beaga anuas lena ndírítear ar fhiontair faoi úinéireacht stáit nó ar chuideachtaí príobháideacha chun forfheidhmiú níos láidre agus níos éifeachtaí a áirithiú. Áirítear leis sin Rialacháin 2020 maidir le hObair Eagraíochtaí Gnáthphobail d'Fhiontair faoi úinéireacht Stáit Pháirtí Cumannach na Síne agus go háirithe Airteagal 11 de lena dtugtar cumhachtaí feidhmiúcháin suntasacha don chill de Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí. Léirítear é sin in Airteagail Chomhlachais cuideachtaí amhail Aeolus. Luadh san iarratas freisin gur eisíodh ceanglais chomhchosúla do chuideachtaí príobháideacha. Ó 2016 i leith, tá cuideachtaí faoi bhrú méadaitheach chun ról níos mó a thabhairt do Pháirtí Cumannach na Síne ina gcinnteoireacht. Go háirithe, i gCód rialachais chorparáidigh 2018 iarradh cheana féin ar ghnólachtaí liostaithe ról ina rialacha inmheánacha a thabhairt do Pháirtí Cumannach na Síne. Thagair an t-iarratasóir freisin do Leas-Chathaoirleach Chónaidhm Tionscail agus Tráchtála Uile-Shíneach, Ye Qing, a mhínigh an coincheap maidir le 'córas fiontraíochta nua-aimseartha a bhfuil saintréithe Síneacha aige' chun trí ais rialaithe ag an bPáirtí a áireamh trí (i) shásra acmhainní daonna (ii) obair mhaoirseachta agus iniúchóireachta, agus (iii) ceardchumainn. Thug sé faoi deara freisin go n-úsáideann an CPS go rialta an cleachtas lena mbíonn roinnt ról ag duine aonair amháin i struchtúir éagsúla.

(83) Tháinig an t-iarratasóir ar an gconclúid, mar gheall ar a ndílseacht don Stát agus don Pháirtí agus an oibleagáid a bhí orthu ina dhiaidh sin spriocanna beartais an Stáit agus an Pháirtí a chur chun cinn, go ndéanann breithnithe neamh-mhargaidh difear díreach do chumas chuideachtaí na Síne a bpraghsanna a shocrú gan bhac (a dhéanann difear freisin do chostais dá réir sin).

(84) Ina theannta sin, foráiltear san iarratas go bhfuil tionchar an-leathan ag Páirtí Cumannach na Síne ar phearsanra cuideachta agus go gcuimsíonn sé go háirithe ainmniú príomhfheidhmeannach. Luaitear ann freisin go bhfuil crosmhalartán suntasach idir Páirtí Cumannach na Síne agus gnólachtaí na Síne agus nach mór do chomhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne na príomhphoist feidhmiúcháin agus na príomhphoist acmhainní daonna araon in eintitis faoi úinéireacht stáit a choinneáil. Maidir le cuideachtaí príobháideacha, moltar dóibh freisin sásra maoirseachta a bhunú faoi stiúir chill an Pháirtí a bhfuil cumhachtaí smachtaithe aici.

(85) Dá bhrí sin, tháinig an t-iarratasóir ar an gconclúid, trína láithreacht ar na leibhéil éagsúla bhainistíochta laistigh de chuideachtaí, idir phoiblí agus phríobháideach, go bhfuil Páirtí Cumannach na Síne agus Rialtas na Síne in ann cinntí suntasacha díreacha a dhéanamh le linn shaol gnó na gcuideachtaí, ar shiúl ó phrionsabail an mhargaidh shaoir agus i gcomhréir le spriocanna polaitiúla agus tionsclaíocha a leagtar amach ar leibhéal an Stáit nó ar leibhéal an Pháirtí. Bíonn tionchar suntasach ag fórsaí neamh-mhargaidh den sórt sin ar chostais agus ar phraghsanna.

(86) D'áitigh an t-iarratasóir go bhfuil smacht díreach ag NDRC ar fhorbairt cuideachtaí go háirithe toisc go bhfuil sé i gceannas ar dhréachtú pleananna forbartha straitéisí. Bíonn tionchar díreach ag pleanáil an gheilleagair ar chuideachtaí a gceanglaítear orthu na treoirlínte ceangailteacha a leagtar amach sna pleananna éagsúla a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil NDRC i gceannas ar chuideachtaí a threorú, ach déanann sé difear díreach dá gcinntí bainistíochta. Cumhdaítear urraim d'idé-eolaíocht Pháirtí Cumannach na Síne sna pleananna éagsúla sin agus ní mór do chuideachtaí na Síne cloí léi dá bhrí sin. Forfheidhmítear na prionsabail sin trí na cealla de Pháirtí Cumannach na Síne atá i láthair laistigh de chuideachtaí.

(87) D'áitigh an t-iarratasóir freisin go raibh an stát i láthair i dtionscal na mbonn trí chomhlachais tionscail. I ndáil leis sin, is é Comhlachas Tionscail Rubar na Síne ('CRIA') an comhlachas náisiúnta atá i gceannas ar thionscal rubair iomlán na Síne, lena n-áirítear a tháirgí iartheachtacha amhail boinn. Ós rud é go ndéanann SASAC na Comhairle Stáit maoirseacht ar CRIA agus gur díol sásaimh dó prionsabail Pháirtí Cumannach na Síne ina fheidhmiú, tá tionchar díreach ag Páirtí Cumannach na Síne ar an tionscal bonn trína chomhlachas tionscail a bhfuil naisc idirnasctha aige freisin le bainisteoirí táirgeoirí bonn. I dteannta CRIA, luaitear san iarratas tionchar an stáit trí CCCMC agus CAAM, rud a chuireann ar chumas an Stáit agus an Pháirtí smacht a bheith acu ar shlabhra táirgthe iomlán na mbonn, agus praghsanna agus costais á ndícheangal ó phrionsabail an mhargaidh shaoir.

(88) Luaitear san iarratas freisin go gceapann Páirtí Cumannach na Síne comhaltaí an Pháirtí go rialta mar phríomhfheidhmeannaigh i gcuideachtaí a oibríonn sa tionscal bonn. Tagraíonn sé go háirithe do chás SOEnna agus go háirithe Aeolus, ach freisin neamh-SOEnna dealraitheacha mar Prinx Changshan, Zhongce Rubber Group Co., Ltd agus Sailun Group Co., lena n-áirítear freisin comhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne ar an mbord bainistíochta nó ar an mbord maoirseachta.

(89) Ar an tríú dul síos, saothraíonn Rialtas na Síne beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir.

(90) Luaigh an t-iarratasóir go háirithe go ndírítear ar thionscal na mbonn le beartais fhabhracha trí na leithdháiltí a dhéantar ar pheitriceimiceáin, ar rubar, agus trí bheartais lena dtugtar tús áite do chomhpháirteanna costais tábhachtacha, amhail cruach, fuinneamh nó teicstílí. Maidir leis seo, tagraíonn sé don fhíric go ndéantar táirgeadh agus díolachán rubair nádúrtha faoi threoirlínte an CRIA. Luaigh sé freisin plean gníomhaíochta trí bliana rialtas Yunnan do nuachóiriú talmhaíochta a cháilíonn rubar nádúrtha mar 'phríomhthionscal' agus a luann é mar réimse forbartha. Tá sé mar aidhm ag an bplean táirgeadh *rubair speisialta do bhoinn a leathnú*. Le Spriocanna Fadraoin Chontae Sanmen do 2035, dírítear freisin ar an tionscal rubair agus tá sé d'aidhm aige ionad náisiúnta cigireachta agus tástála rubair a thógáil.

(91) Maidir le cruach, tugann an t-iarratasóir dá aire go dtugtar aghaidh sa 14ú Plean Cúig Bliana freisin ar chur chun cinn agus uasghrádú an tionscail cruach agus tagraíonn sé do thuairimí Treorach a scaoileadh go luath in 2022 maidir le forbairt ardcháilíochta an Tionscail Iarainn agus Cruach a chur chun cinn, chun an 14ú Plean Cúig Bliana agus an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt an Tionscail Amhábhar a chur chun feidhme. Cuirtear an rialú ar an margadh cruach chun feidhme trí Chomhlachas Iarainn agus Cruach na Síne ('CISA'), atá faoi mhaoirseacht ghníomhaireacht tógála an Pháirtí, nach bhfuil ann ach Coiste Páirtí SASAC na Comhairle Stáit.

(92) Maidir le Fuinneamh agus Teicstíle, rinne an t-iarratasóir tagairt d'imscrúduithe frithdhumpála a rinne an Coimisiún agus na Stáit Aontaithe le déanaí ar tháirgí Síneacha a léiríonn go bhfuil socrú praghsanna ann i gcás leictreachais, áit a socraíonn NDRC cúigeach an praghas leictreachais. Tá an tionscal teicstíle ainmnithe sa 14ú Plean Cúig Bliana. Dá bhrí sin, d'eisigh an Roinn Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise fógra maidir le Gníomhaíochtaí Teicstíle agus Éadaigh 'Soláthar a Bharrfheabhsú agus Uasghrádú a Chur Chun Cinn' 2022 a Sheoladh. De réir an fhógra sin, tá Comhairle Náisiúnta Teicstílí agus Éadaigh na Síne freagrach as tascanna a phleanáil agus a chur chun feidhme, agus tá sí faoi 'threoir ghnó, maoirseacht agus bainistiú Choimisiún na Comhairle Stáit um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit'.

(93) Tá boinn san áireamh sa tionscal rubair sna Tuairimí Treorach maidir le forbairt ardchaighdeáin thionscal na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán a chur chun cinn le linn an 14ú Plean Cúig Bliana a éilíonn '*cion na dtáirgí glasa i dtionscail amhail boinn a mhéadú*' agus claochlú digiteach a chur chun cinn timpeall ar tháirgí boinn. Déantar tionscal na mbonn a threorú tuilleadh trí threoirlínte CRIA. Is é an dara réimse forbartha sa 14ú Plean Cúig Bliana a théann chun tairbhe do tháirgeoirí bonn an tacaíocht do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha, go háirithe tríd an Ionad Náisiúnta Taighde Innealtóireachta um Ardtrealamh Tíre agus Príomhábhair. Ina theannta sin, chuir an t-iarratasóir i dtábhacht gur roghnaigh an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise ('MIIT') Sailun Group freisin ina 'chéad bhaisc de 'Fhiontar Taispeántais Phíolótaigh Monaraíochta Cliste Náisiúnta' agus 'Fiontar Taispeántais Phíolótaigh Idirlín Thionsclaíoch Náisiúnta' sa tionscal, agus an chéad bhaisc de 'Ardán Idirlín Tionsclaíoch Saintréithiúil do Phríomhthionscail'.

(94) Chomh maith le roinnt beartas cúigeach, bhí an t-iarratasóir ag brath ar roinnt beart eile lena n-áirítear:

— Dreasachtaí comhshaoil arna soláthar i gcomhréir leis an 13ú Plean Cúig Bliana agus leis an 14ú Plean Cúig Bliana lena gceanglaítear go n-urramófar an comhshaol leis an bhforbairt eacnamaíoch.

— An tairbhe a bhaineann tionscal na mbonn as beartais chomhshaoil eile, lena n-áirítear Tacaíocht Fhioscach na hAireachta Airgeadais don obair maidir le buaicphointe carbóin agus neodracht carbóin, arb é is aidhm di beartais airgeadais rialtais a chur chun feidhme.

— D'ainmnigh MIIT cuideachtaí a n-iarrtar ar institiúidí áitiúla díriú orthu chun beartais thionsclaíocha a chur chun feidhme agus chun claochlú glas a bhaint amach. Rinneadh naoi bhfiontar is fiche a bhaineann le boinn a lipéadú amhlaidh.

— Deimhniú Táirge Glas na Síne a chuideodh le tacaíocht airgeadais bhreise a fháil ón Rialtas agus a deonaíodh do roinnt táirgeoirí bonn.

(95) Maidir leis na tionscail iartheachtacha, luadh an méid seo a leanas san iarratas:

— An 14ú Plean Cúig Bliana a bhfuil sé mar aidhm aige tomhaltas earraí tomhaltóra a chur chun cinn, lena n-áirítear gluaisteáin, agus a thugann aghaidh ar an tionscal iompair.

— Plean Oifig Ghinearálta na Comhairle Stáit lena ndírítear ar 'thionscal nua na ngluaisteán fuinnimh,' lena gcuirtear 'feithiclí nua fuinnimh' chun cinn, lena n-áirítear leoraithe fuinnimh nua.

— Dhírigh an plean forbartha glas roimhe seo bunaithe ar an 13ú Plean Cúig Bliana ar fhorbairt thionscal na ngluaisteán glas cheana féin.

— Plean forbartha lóistíochta nua-aimseartha an 14ú Plean Cúig Bliana lena gcuirtear forbairt thionscal na leoraithe chun cinn agus go háirithe forbairt leoraithe gan foireann.

(96) Maidir le bearta airgeadais, thug an t-iarratasóir an méid seo a leanas dá aire go háirithe:

— In 2022, d'oibrigh Riarachán Ginearálta Custaim na Síne le CRIA chun ualach na gcuideachtaí onnmhairiúcháin i dtionscal na mbonn a laghdú.

— I gcúige Shandong, thug an Stát fóirdheontas freisin do 12 chuideachta bonn le haghaidh tionscadail claochlaithe theicniúil. Bronnadh an infheistíocht is suntasaí ar Shandong Linglong Tire Co. Ltd, cé go dtugtar faoi deara freisin gur tairbhithe de thacaíocht den sórt sin iad cuideachtaí eile, lena n-áirítear Triangle Tire Co. Ltd.

— Thug Shandong Yongfeng Tyres Co., Ltd le fios ar a shuíomh gréasáin in 2018 go bhfuair táirgeoirí bonn fóirdheontais stáit iomadúla agus beartais fhabhracha. D'fhreagair rialtais áitiúla glao Xi Jinping chun costais fiontar príobháideach a laghdú trí bheartais laghdaithe ualaigh a chur chun feidhme a bhaineann le tomhaltas leictreachais, maoiniú, táillí agus idirbhearta institiúideacha.

(97) Ina theannta sin, luaitear san iarratas, sa bhreis ar bhearta i bhfoirm tacaíocht airgeadais fhorleathan, gur chuir Rialtas na Síne isteach, trína eintitis áitiúla, ar bhainistíocht cuideachtaí trí chumaisc agus atheagruithe a éileamh.

(98) Ar deireadh, rinne an t-iarratasóir tagairt do bheartais maidir le leathnú domhanda a théann chun tairbhe do thionscal na mbonn. Lena n-áirítear cruthú asraonta tríd an 'tionscnamh creasa agus bóthair'; tacaíocht indíreach onnmhairiúcháin loingseoireachta; an fíoras go ndéantar idirdhealú leathan leis an 'tionscnamh creasa agus bóthair' agus gur bealach faoi cheilt é go bunúsach chun cuideachtaí Síneacha a mhaoiniú ar an gcoigríoch chun aimhleasa na dtíortha rannpháirteacha.

(99) Ar an gceathrú dul síos, amhail aon earnáil eile i ngeilleagar na Síne, tá an tionscal bonn faoi réir saobhadh a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach rialacha féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne nó as iad a fhorfheidhmiú go neamhleor.

— Mar thoradh ar thearc-fhorfheidhmiú córasach na rialacha féimheachta, tháinig líon mór ‘cuideachtaí zombaí’ slán le meastachán de thart ar 6 % den tionscal rubair comhdhéanta de chuideachtaí zombaí, agus 14 % den tionscal próiseála peitriliam. Is ionann cuideachtaí a choinneáil beo go saorga agus ráthaíochtaí intuigthe Stáit a thabhairt do na cuideachtaí sin, rud a shaobhann costais creidmheasanna agus rochtain ar mhaoiniú.

— Deonaíodh creidmheasanna cánach do roinnt táirgeoirí bonn, rud a chabhraigh leo éalú ó dhócmhainneacht.

— In earnáil na cruach, cuireadh an meascán de na beartais thionsclaíocha iomadúla i bhfeidhm le himeacht ama.

— Thagair an t-iarratasóir freisin d’imscrúduithe an Choimisiúin roimhe seo inar cinneadh nach gá d’Fhiontair dul trí phróiseas tairisceana chun talamh a fháil. Is iondúil go ndéantar cearta úsáide talún a ath-leithdháileadh ar na cuideachtaí saor in aisce nó go bhfuil siad á leithdháileadh ag údaráis áitiúla ar phraghsanna caibidlithe. Tairbhíonn táirgeoirí bonn den leithdháileadh idirdhealaitheach talún sin.

(100) Ar an gcúigiú dul síos, déantar costais phá a shaobhadh in earnáil thionscal na mbonn freisin.

(101) Dar leis an iarratasóir, tá fianaise ann go bhfuil poist shinsearacha sa cheardchumann ag daoine sinsearacha de chuid an Pháirtí i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, nó ag bainisteoirí i bhfiontair neamhstáit, rud a chuireann brú ar a chumas ionadaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar oibrithe i réimse na teoirice. Luaitear ann freisin nár dhaingnigh an tSín roinnt de na coinbhinsiúin idirnáisiúnta is tábhachtaí maidir le saothar go fóill agus tagraítear ann do shrianta institiúideacha a bheith ann lena gcuirtear cosc ar shaorshocrú pá. Ina theannta sin, measann an t-iarratasóir go bhfuil tionchar ag an gcóras clárúcháin teaghlaigh, mar a thugtar air, ar lucht saothair na Síne agus luaigh sé go gcuireann úsáid saothair éigeantais i Réigiún Xinyang le saobhadh ar phá a bheith ann, toisc gur dócha go rachaidh sé chun tairbhe do mhonaróirí bonn a bhfuil saoráidí acu sa réigiún, amhail SOE Double Coin (Xinjiang) Kunlun Engineering Tire Co., Ltd, go díreach agus trí ghníomhaithe réamhtheachtacha.

(102) Ar an séú dul síos, tá rochtain ag táirgeoirí bonn ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí an bheartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát ar shlí eile.

— Cuireann an t-iarratasóir i bhfios go láidir go léirítear go soiléir i dtuarascáil bhliantúil cuideachtaí amhail Shanghai Huayi Group gur ann d’iasachtaí fabhracha atá bunaithe ar bheartais náisiúnta. Bhunaigh an chuid chuntasaíochta den tuarascáil modhanna cuntasaíochta éagsúla ag brath ar an staid ‘le haghaidh fóirdheontais iasachta tosaíochta bunaithe ar bheartas.’ Ina theannta sin, is cinnte gur bhain an chuideachta leas as beartais den sórt sin mar dheonaigh Banc Onnmhairithe-Allmhairithe na Síne a trí iasacht fhadtéarmacha is fearr. Is féidir a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil ‘iasachtaí sócmhainne seasta i bhfóirdheontais airgeadais Xinjiang’ i measc chatagóir deontas an rialtais.

— Ina theannta sin, léirítear i dtuarascáil bhliantúil Prinx Chengshan Holdings torthaí comhchosúla agus go háirithe comhaontú iasachta le Bank of China (Hong Kong) Limited, Bank of China (Thailand) Corporation Limited agus HongKong and Shanghai Banking Corporation Limited (HSBC), ar bainc phoiblí an chéad dá cheann acu, agus gurb é an tríú ceann an chéad iasachtóir eachtrach a raibh a Choiste CCP féin aige ina fhochuideachta baincéireachta infheistíochta.

— Tharraing an t-iarratasóir aird freisin ar rátáil chlaonta ghníomhaireachtaí na Síne a bhaineann le cuideachtaí atá gníomhach i dtionscal na mbonn.

(103) Déanann Rialtas na Síne idirghabháil ar gach leibhéal den slabhra soláthair MAE, rud a chruthaíonn an cás ina ndéanann saobhadh rialtais difear ar bhealach amháin nó ar bhealach eile don ionchur, d’ionchur an ionchuir sin agus mar sin de.

(104) Mar chonclúid, d’áitigh an t-iarratasóir gurb ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa tionscal bonn.

(105) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad. San fhianaise ar an gcomhad, áiríodh an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, chomh maith lena leagan nuashonraithe ('Tuarascáil nuashonraithe') ([22]), a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

(106) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge lena mbaineann. D'fhorlíon an Coimisiún na heilimintí fianaise sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.3.2. *Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus costais sa tSín*

(107) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar margaidh sóisialach'. Tá an coincheap sin cumhdaithe i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an príomhphrionsabal '*úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*' ([23]).

(108) Is é an geilleagar atá faoi úinéireacht an stáit an 'príomhfhórsa sa gheilleagar náisiúnta' agus tá sainordú ag an stát 'a chomhdhlúthú agus a fhás' a áirithiú ([24]). Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfágann comhdhéanamh foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha rialtais a dhéanamh sa gheilleagar, ach sainordaítear idirghabhálacha den sórt sin go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa reachtaíochta lárnaí.

(109) Is sampla den scoth é dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([25]).

(110) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(111) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(112) Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: *[i]s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*, cuireadh an dara habairt nua isteach atá mar a leanas: *[i]s é gné shainithe an tsóisialachais le saintréithe Síneacha ná ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*. ([26]) Léiríonn sé sin smacht gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, smacht atá ag fás de shíor.

(113) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú sin agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.

(114) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus spriocanna á saothrú aige, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag léiriú na gcoinníollacha eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([27]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha idirghabhálach in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus le leibhéal na timpeallachta rialála.

([22]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final.
([23]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lch. 7.
([24]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 7-8.
([25]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 10, 18.
([26]) Ar fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 8 Aibreán 2024).
([27]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 29-30.

(115) Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an smachta riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um pleanáil tionscail a bhfuil tionchar aige ar gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin i dteannta a chéile, cumhdaítear maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad le fáil ar gach leibhéal rialtais.

(116) Tá pleananna mionsonraithe á gcur i bhfeidhm ar leibhéal na gcúigí agus leagtar amach spriocanna níos leithne sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na modhanna chun tacú leis na tionscail/earnálacha ábhartha chomh maith leis na tráthchláir faoina mbíonn na cuspóirí le gnóthú. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí.

(117) Faoi na pleananna, tugtar aird ar leith ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail aonair mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir leis na tosaíochtaí rialtais agus sanntar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) dóibh.

(118) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, bídís príobháideach nó faoi úinéireacht Stáit, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir na réaltachtaí a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([28]).

(119) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, is iad na bainc thráchtála agus na bainc bheartais faoi úinéireacht stáit atá i réim i gcóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntas eacnamaíoch tionscadail ar leith ([29]).

(120) Baineann an rud céanna le comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, margaí bannaí, margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais bunaithe ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil dírithe i dtreo fheidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo smacht a áirithiú agus idirghabháil an stáit agus an Pháirtí a cheadú ([30]).

(121) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá bealaí éagsúla ann trínar féidir leis an Stát idirghabhálacha a dhéanamh sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú, rud a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn gnóthú spriocanna arna gceapadh trí bheartais an Stáit a éascú. Mar sin féin, níor sainíodh na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([31]).

(122) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, coimeádann Rialtas na Síne smacht suntasach agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar dhearbhmhéid na hinfheistíochta Stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ([32]).

(123) Mar sin, bunaítear samhail eacnamaíoch na Síne ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena bhforáiltear don iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Bíonn idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas ag teacht salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr ([33]).

([28]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 4, lgh. 57, 92.
([29]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 149-150.
([30]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 153-171.
([31]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 7, lgh. 204-205.
([32]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.
([33]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.

3.3.3. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.*

(124) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

(125) Is iad cuideachtaí atá faoi úinéireacht stáit is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann, amhail: China National Tyre & Rubber Co. Ltd (CNRC) atá i seilbh SINOCHEM (SOE faoi rialú SASAC), ([34])Aeolus Tyres 57,5 % atá i seilbh SOE CNRC ([35]), agus Shuangqian (Double Coin) Tire Group Co., Ltd atá 58,57 % faoi úinéireacht stáit ([36]).

(126) Ina theannta sin, tá leibhéal suntasach úinéireachta stáit ag cuideachtaí eile lena n-áirítear Qingdao Doublestar atá 42,4 % faoi úinéireacht stáit ([37]), agus Guizhou Tyre Co., Ltd atá 26,47 % faoi úinéireacht stáit ([38]).

(127) Mar sin féin, tá idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas ní hamháin i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin, ([39])agus Páirtí Cumannach na Síne ag éileamh ceannaireachta ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí, go bunúsach, go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid a d'fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí i dteannta a chéile sa tSín.

(128) Thairis sin, tá earnáil an táirge lena mbaineann faoi réir roinnt beartas rialtais, amhail Tuairim Threorach MIIT maidir le forbairt ardcháilíochta thionscail na gCeimiceán agus na bPeitriceimiceán a chur chun cinn le linn an 14ú Plean Cúig Bliana ina ndéantar foráil i Roinn II.3 de maidir le *gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar cháilíocht an tsoláthair táirgí ceimiceacha' a chur chun feidhme. Díriú ar thionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn* [...] *agus dlús a chur le forbairt* [...] *ábhar rubair agus plaisteach ardfheidhmíochta,* [...]. *Cion na dtáirgí glasa a mhéadú i dtionscail amhail* [...] *boinn,* [...]. *Fiontair a spreagadh chun cáilíocht táirgí a fheabhsú agus brandaí a chruthú agus a chothú'.* Ina theannta sin, déantar foráil i Roinn V den Tuairim Treorach seo maidir le '*faireachán slabhra tionsclaíoch bunaithe ar an idirlíon is infheidhme maidir le bulctháirgí amhail leasacháin agus boinn*' ([40]) a thógáil.

(129) Cumhdaítear tionscal na mbonn freisin le beartais ar leibhéil chúigeacha amhail 14 Plean Cúig Bliana Chúige Shandong maidir le forbairt thionscal na gceimiceán lena soláthraítear an méid seo a leanas go sonrach le haghaidh *tionscal na mbonn: Beartais tionscail agus caighdeáin tionscail a chur i bhfeidhm go docht, fiontair a bhfuil acmhainneacht táirgeachta bliantúil níos lú ná 1.2 milliún bonn gathacha cruach uile acu a chomhtháthú agus a tharraingt siar (seachas boinn innealtóireachta, boinn eitlíochta, agus boinn leathana gan feadán leathan) agus níos lú ná 5 mhilliún bonn gathacha leath-chruach (seachas boinn a ritheann agus an t-aer imithe astu, boinn ardleibhéil rásaíochta, agus boinn an-íseal).* [...]*Tar éis na margaí ardleibhéil agus deighilte a bheith ann, táirgí ardleibhéil a fhorbairt amhail an-íseal, á leacú, friotaíocht rollta íseal, torann íseal, agus boinn a ritheann agus an t-aer imithe astu, leathnú a dhéanamh ar R&D agus boinn ghathacha ardfheidhmíochta a tháirgeadh amhail boinn chliste, boinn sábháilteachta, boinn ísealfhriotaíochta rollta, agus sár-chaitheamh-dhíonach chun breisluach agus sciartha den mhargadh de na táirgí a mhéadú. Na braislí tionscail boinn a neartú i leithinis Shandong chomh maith le Tuaisceart Shandong, naisc le saoráidí tacaíochta tionscail a neartú, braisle thionscal na mbreiseán rubair a fhorbairt in iarthar Shandong, agus braisle thionscal na dtrealamh próiseála rubair a leathnú in oirthear Shandong. Feabhas cuimsitheach a chur ar dhigitiú, ar fhorbairt líonra agus ar fhorbairt chliste thionscal na mbonn, tógáil monarchana cliste a chur chun cinn sa tionscal boinn ar fud an chúige, agus ardán scamall idirlín tionscail déantúsaíochta boinn a chruthú. Próisis táirgthe bonn glas a chur chun cinn go gníomhach, mar shampla scagadh rubair cheimiceach agus teicneolaíocht réamh-bholcáiniú radaíochta, úsáid thánaisteach na mbonn a spreagadh, pirealú glas agus teicneolaíocht athghiniúna dubh carbóin na mbonn dramhaíola a chur chun cinn, agus forbairt chiorclach glas an tionscail a chur chun cinn.* [...] *Faoi 2025, sroichfidh luach aschuir thionscal na mbonn RMB 200 billiún; beidh 8 gcuideachta bonn ann a mbeidh ioncam díolacháin níos mó ná RMB 10 mbilliún acu, a mbeidh níos mó ná 2 díobh níos mó ná RMB 20 billiún, agus rachaidh 1-2 chuideachta isteach sna 10 gcuideachta is fearr i dtionscal na mbonn domhanda"* ([41]).

([34]) https://www.sinochem.com/en/17197.html (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([35]) https://q.stock.sohu.com/newpdf/202457883741.pdf (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([36]) http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-30/10153300.PDF (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([37]) https://q.stock.sohu.com/newpdf/202457251875.pdf (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([38]) https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202404151630237833_1.pdf?1713215477000.pdf (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([39]) Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach an Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 3, lgh. 47-50.
([40]) https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-04/08/content_5683972.htm (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([41]) https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211201/1191133.shtml (arna rochtain an 10 Iúil 2024).

(130) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([42]).

(131) Mar shampla, deir Comhlachas Tionscail Rubar na Síne ('CRIA'), a bhfuil CNRC, Aeolus Tyres, Qingdao Doublestar, Shuangqian (bonn dúbailte) Tire Group Co., Ltd, agus Guizhou Tyre Co., Ltd ina gcomhaltaí de, ([43]) in Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais go *gcloíonn sé le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne. I gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, bunaíonn an Comhlachas eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne, déanann sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus soláthraíonn sé na coinníollacha is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí. Is é an Aireacht Gnóthaí Sibhialta an t-údarás atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistiú an Chomhlachais, agus is é Coiste Páirtí Choimisiún na Comhairle Stáit um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit an t-údarás atá i gceannas ar thógáil an Pháirtí. Glacann an Comhlachas le treoir ghnó, maoirseacht agus bainistíocht an údaráis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, agus an údaráis atá i gceannas ar fhorbairt an Pháirtí chomh maith leis an roinn riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail.* ([44]). Luaitear freisin in Airt. 36 nach mór do na daoine atá i gceannas ar an gComhlachas coinníollacha*a chomhlíonadh amhail 'Cloí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus cáilíochtaí maithe polaitiúla a bheith acu*' ([45]).

(132) Ina theannta sin, tá 15 bhrainse agus choiste ghairmiúla ag CRIA, arb é Brainse na Tíre an brainse is mó atá aige. Tá níos mó ná 270 ball-aonad ann, monaróirí boinn den chuid is mó, agus is institiúidí taighde, monaróirí innealra rubair, cuideachtaí táirgthe agus dáilte amhábhar agus ábhar cúnta a bhaineann le táirgeadh bonn an chuid eile acu. Leanann brainse boinn CRIA forálacha Airteagail Chomhlachais Chomhlachas Thionscal Rubair na Síne, glacann sé le comhaltaí atá ag fónamh mar chuspóir aige, imríonn sé ról droichid idir an rialtas agus fiontair, agus déanann sé cúraimí éagsúla faoi cheannaireacht an Chumainn Ghinearálta ([46]).

(133) Is ionann táirgeadh bonn ballchuideachtaí agus thart ar 80 % de tháirgeadh bonn intíre na Síne. Tá 62 aonad rialaithe ag an gCumann, is é Zhongce Rubber Group Co., Ltd an t-aonad cathaoirleach, agus is iad Sailun Group Co., Ltd, Linglong Tire Co., Ltd, SHUANGQIAN Tire Group Co., Ltd, Triangle Tire Co., Ltd, Michelin (China) Investment Co., Ltd agus cuideachtaí boinn intíre agus eachtracha eile a bhfuil aithne mhaith orthu ([47]) na haonaid leas-chathaoirleacha.

(134) Cuireann an Comhlachas féin béim ar an <u>tionchar atá ag a bheartais ar an margadh</u>, á rá go háirithe go raibh '[in 2023] *praghsanna amhábhar mór ag dul i laghad sa chéad leath den bhliain, agus gur lean siad de bheith ag ardú sa tríú ráithe, rud a d'fhág go raibh rabharta méaduithe praghsanna i dtionscal na mbonn. Ina ainneoin sin, sa chéad 10 mí, léirigh brabúis dubh carbóin, breiseán rubair agus corda cruach meath suntasach bliain ar bhliain fós, inar thit dubh carbóin 14,99 %, inar thit breiseáin 7,45 %, agus inar thit ábhair chnámharlaigh 2,90 %*'. Leagann an Comhlachas béim freisin ar thionchar na mbeartas ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal na mbonn agus luann sé 'go bhfuil*an margadh onnmhairiúcháin thar lear an-fhabhrach, ag déanamh suas don bhearna sa tomhaltas intíre agus ag éirí ina cheann feadhna tábhachtach chun tacú leis an méadú ar dhíolacháin. De réir staitisticí ó Chumann Rubair na Síne, ó Eanáir go Deireadh Fómhair, ba é ráta onnmhairithe an tionscail 37,5 % (i luach). Le linn na tréimhse ama sin, choinnigh onnmhairí bonn treocht ard fáis ar bun, agus d'fhan an ráta onnmhairiúcháin (luach) os cionn 50 % ar feadh roinnt míonna as a chéile. (…). Léiríonn sonraí staidrimh ó Riarachán Ginearálta Custaim go raibh onnmhairí boinn rubair aeroibrithe nua mo thíre ó Eanáir go Samhain thart ar 564 milliún, méadú 11,4 %; bhí méid na n-onnmhairí thart ar 7,86 milliún tona, méadú 16,8 %; ba é RMB 137,51 billiún luach na trádála onnmhairiúcháin, méadú 20,3 %.*" ([48]).

([42]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 24-27.
([43]) https://www.cria.org.cn/c/member (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([44]) https://ccb.cria.org.cn/;https://tyre.cria.org.cn/c/id/1772857864279343106; https://www.cria.org.cn/c/id/1760859134713970690 (arna rochtain an 25 Meán Fómhair 2024).
([45]) *Ibid.*
([46]) https://tyre.cria.org.cn/c/id/1772857864279343106 (arna rochtain an 25 Meán Fómhair 2024).
([47]) *Ibid.*
([48]) https://www.ty-tyre.com/news/industry/2024/0124/739.html (arna rochtain an 25 Meán Fómhair 2024).

(135) Luann cuideachtaí bonn go sainráite freisin tionchar Pháirtí Cumannach na Síne ar a n-iompar. Mar shampla, luann Qingdao Doublestar an méid seo a leanas ina thuarascáil bhliantúil 2023: '[i]*n 2023, lean an chuideachta de thógáil an Pháirtí a ghlacadh mar threoir, d'fhorbairt ardcháilíochta mar sprioc, chuir sí an straitéis 'ceithre nuachóiriú nua' maidir le héiceolaíocht, ardteicneolaíochta, logánú agus digitiú chun feidhme go gníomhach, dhírigh sí ar an dá phríomhlíne maidir le feabhsú gnó agus dul chun cinn nuálaíochta*' agus leag sí béim ar '*éachtaí nua i gceannaireacht maidir le forbairt an Pháirtí:Cloí le ceannaireacht tógála páirtí, díriú ar na príomhfhreagrachtaí agus ar an bpríomhghnó, oideachas a fhorbairt agus a dhoimhniú ar théama Smaointe Xi Jinping ar Shóisialachas le Saintréithe Síneacha do Ré Nua, tógáil pholaitiúil a neartú, tógáil Pháirtí an phobail a chomhdhlúthú, agus ról iomlán a thabhairt do choistí brainse i ngrúpaí oibre agus ról chomhaltaí an Pháirtí sa líne tosaigh*' ([49]). Ar an gcaoi chéanna, luann Shuangqian (bonn dúbailte) Tire Group Co., Ltd '*faoi cheannaireacht láidir Choiste Páirtí na cuideachta agus an Bhoird Stiúrthóirí, neartaigh gach caidre agus fostaí a muinín, thug siad aghaidh ar dhúshláin ceann ar cheann, sháraigh siad tionchar an choir chun donais i dtimthriall an tionscail, agus rinne siad dul chun cinn seasta maidir le táirgeadh agus oibriú na cuideachta, ag feabhsú a croí-iomaíochais go leanúnach agus ag cur dlús leis an luas a bhaineann le fiontar den chéad scoth a thógáil.*' ([50]) Ar deireadh, measann Guizhou Tyre Co., Ltd '*gur cuideachta sealbhaíochta faoi úinéireacht stáit í, go gcloíonn an chuideachta i gcónaí le 'ceannaireacht bhuanseasmhach an Pháirtí ar fhiontair faoi úinéireacht stáit'*.Deimhnítear leis na hAirteagail Chomhlachais stádas dlíthiúil eagraíocht an Pháirtí sa rialachas corparáideach agus comhtháthaítear ceannaireacht an Pháirtí i ngach gné den rialachas corparáideach." ([51])

(136) Dá bhrí sin, táirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann, cuirtear cosc orthu oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, bíonn fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht beartais agus treorach.

3.3.4. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: Láithreacht an stáit i ngnólachtaí ag cumasú don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas*

(137) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an stát a bheith i láthair i ngnólachtaí. Go deimhin, is cealla Páirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair phríobháideacha araon, agus cainéal tábhachtach trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(138) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (agus triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad inti mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ([52])) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

(139) Níor léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([53]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([54]).

(140) In 2017 cheana féin, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1.86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin ([55]). Tuairiscíodh meastacháin chomhchosúla in 2022 ([56]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([49]) https://q.stock.sohu.com/newpdf/202457251875.pdf, leathanach 14 (arna rochtain an 25 Meán Fómhair 2024).
([50]) http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/4/2024-04-30/10153300.PDF, leathanach 9 (arna rochtain an 25 Meán Fómhair 2024).
([51]) https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202404151630237833_1.pdf?1713215477000.pdf, leathanach 41 (arna rochtain an 25 Meán Fómhair 2024).
([52]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 3, lch. 40.
([53]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: '*The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*' [An Rás chun Cumhacht a Chomhdhlúthú agus chun Tubaiste a Chosc]; Foreign Affairs, eag. 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([54]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 3, lch. 41.
([55]) Ar fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024).
([56]) https://asia.nikkei.com/Business/Companies/China-s-companies-rewrite-rules-to-declare-Communist-Party-ties#:~:text=HONG%20KONG%20--%20China's%20Communist%20Party%20congress%20underlined%20fears%20that (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024).

(141) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, scaoileadh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua (*'na Treoirlínte'*) ([57]), rud a chuir le ról na gcoistí Páirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(142) Luaitear an méid a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: *'ní mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin';* agus i Roinn III.6 deirtear: *ní mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar chumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe*. Cuirtear béim sna Treoirlínte, mar sin, ar ról Páirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú in eagraíochtaí agus in eintitis na hearnála príobháidí ([58]).

(143) Deimhníodh san imscrúdú gur ann d'fhorluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí / feidhmeanna an Pháirtí sa tionscal bonn freisin. Chun sampla a sholáthar, tá roinnt bainisteoirí agus/nó comhaltaí boird de China National Tyre & Rubber Co. Ltd, Qingdao Doublestar, Shuangqian (mona dúbailte) Tire Group Co., Ltd, agus Guizhou Tyre Co., Ltd ina gcomhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne agus tá poist acu i rúnaíocht Choiste an Pháirtí. ([59]) Is é seo an cás freisin do Chathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí, don Bhainisteoir Ginearálta, agus do chomhaltaí bhord Aeolus, ag tabhairt faoi deara go bhfónann comhalta boird amháin mar stiúrthóir airgeadais China National Chemical Rubber Co., Ltd. ([60])

(144) Tá tionchar saofa breise ar an margadh ag láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus maidir le hamhábhair agus ionchuir a sholáthar ([61]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, sa tionscal bonn agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.3.5. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir*

(145) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas pleanála ilchasta ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór don rialtas láir, do na rialtais chúige agus do na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear leo gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna arna dhéanamh ag leibhéal comhfhreagrach níos ísle den rialtas.

(146) Ar an iomlán, is é an toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil eile ag baint leo, de rogha ar na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([62]).

(147) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

(148) Is é is aidhm don 14ú Plean Cúig Bliana maidir le tionscal ([63])na n-amhábhar a fhorbairt dul chun cinn a bhaint amach i bpríomhchatagóirí amhábhar *'ag baint leasa as príomhréimsí feidhme amhail [...] rubar sintéiseach bithnic'* ([64]). Áirítear freisin forálacha breise a bhaineann go sonrach le tionscal na mbonn i dTuairim Threorach MIIT maidir le forbairt ardcháilíochta thionscail na gCeimiceán agus na bPeitriceimiceán a chur chun cinn le linn an 14ú Plean Cúig Bliana, an 14ú Plean Cúig Bliana Chúige Shandong maidir le forbairt thionscal na gceimiceán mar a luaitear in aithrisí (128) agus (129) thuas.

([57]) Na Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([58]) Financial Times (2020) - Dearbhaíonn Páirtí Cumannach na Síne níos mó smachta ar fhiontar príobháideach: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([59]) https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/5665166/files/90c1c79a00b44c67b59c29392476c862.pdf (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([60]) https://www.cria.org.cn/c/member (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([61]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 14, Ranna 14.1 go 14.3.
([62]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.
([63]) https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/5665166/files/90c1c79a00b44c67b59c29392476c862.pdf (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024).
([64]) https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/5665166/files/90c1c79a00b44c67b59c29392476c862.pdf (arna rochtain an 10 Iúil 2024).

(149) Ar leibhéal an chúige, ar an gcaoi chéanna, de réir 14ú Plean 5 Bliana Chúige Anhui maidir le tionscal ábhar ([65]) nua a fhorbairt, tá na húdaráis rialtais chun leagan amach tionsclaíoch na hearnála a mhúnlú mar a leanas: *déileáil leis na hearnálacha gluaisteán, leictreonaice, iarnróid ardluais, aeraspáis, agus cumhachta núicléiche, agus brath ar bhoinn thionsclaíocha Anqing, Huainan agus áiteanna eile, déine an taighde agus na forbartha agus na nuálaíochta a mhéadú, agus táirgí ábhair rubair a fhorbairt go bríomhar a bhfuil airíonna agus próisis speisialta acu amhail friotaíocht ardteochta agus ísealteochta, friotaíocht ag dul in aois, friotaíocht boilscithe, friotaíocht mheán ceimiceach, friotaíocht aimsire, friotaíocht ózóin, friotaíocht stua, etc.*. Luaitear ann freisin i liosta na bpríomhtháirgí *rubar nítríle hidriginithe, rubar nítríle bróimínithe, rubar stiréine bútaidhé-éine atá polaiméirithe le tuaslagán, rubar isipréine agus a mhonaiméirí, rubar aicrioláite, rubar speisialta ina bhfuil fluairín, rubar fluarasilicóin, rubar sileacóin inslithe leictreachais* agus i liosta na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha *Teicneolaíocht hidriginithe rubair nítríle, teicneolaíocht ullmhúcháin rubair nítríle carbocsaile, teicneolaíocht táirgthe SSBR feidhmithe, teicneolaíocht coigilte fuinnimh próisis triomaithe rubair shintéisigh, teicneolaíocht tiúchana polaiméirithe eibleachta, teicneolaíocht athsholáthair breiseán atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, etc.* ([66]).

(150) Ar an gcaoi chéanna, ([67]) áirítear sa 14ú Plean Cúig Bliana Chúige Gansu maidir le tionscal na n-amhábhar a fhorbairt roinn maidir le 'tionscal na gceimiceán mín' lena bhforáiltear '[f]aoi 2025, go bhféachfaidh luach aschuir thionsclaíoch iomlán an tionscail le 50 billiún yuan a bhaint amach' agus i réimse an rubair shintéisigh, gurb é an cuspóir '[r]*dul i bhfeidhm ar fhiontair chnámh droma,[chun] breiseáin rubair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt go bríomhar, sraith luasaire rubair CBS/MBS, déshuilfíd charbóin, sulfair dothuaslagtha,dubh carbóin ar ardchaighdeán agus táirgí eile*'agus le haghaidh ardábhair nua pheitriceimiceacha '[r]*dul i bhfeidhm ar fhiontair chnámh droma, [chun] feabhas a chur ar leibhéal agus acmhainneacht Chúige Gansu i bplaistigh innealtóireachta speisialta, rubar sintéiseach speisialta,* [etc.]' agus chun '[v]*príomhábhair straitéiseacha nua a fhorbairt go dian*'. I réimse na bpeitriceimiceán, '*plaistigh innealtóireachta, rubar sintéiseach speisialta, snáithíní speisialta, ábhair ardfheidhmíochta in-bhithmhillte agus ábhair chomhchodacha ardfheidhmíochta a fhorbairt*'.

(151) Luaitear sa 14ú Plean Cúig Bliana Chúige Gansu freisin ina liosta príomhthionscadal PetroChina Lanzhou Petrochemical Company agus aonad rubair nítríle speisialta 35 000 tona / bliain a thógáil, lena n-áirítear aonad ullmhúcháin cheimiceach, aonad polaiméirithe, aonad aisghabhála monaiméire, stóráil sciodair, aonad measctha agus aonad triomú téachta agus pacáistithe, srl., le haghaidh infheistíocht iomlán de níos mó ná 84 milliún CNY ([68]).

(152) I 14ú Plean Chúig Bhliana chúige Jiangxi maidir le forbairt ardcháilíochta thionscal na bpeitriceimiceán ([69]), luaitear an méid seo a leanas: '[*Déanfaimid*...] *raon feidhme chur i bhfeidhm* [...] *táirgí orgánasileacan amhail ola shileacain, rubar sileacóin, (...) agus dubh carbóin bháin a leathnú.Neartóimid taighde agus forbairt agus táirgeadh ábhar ceimiceach nua, agus forbróimid go bríomhar ábhair nua cheannródaíocha amhail rubar speisialta (...)*". Maidir le rubar speisialta, foráiltear leis freisin g*ondíreoidh an rialtas 'ar rubar bútaidhé-éine stiréine tuaslagáin (SSBR), rubar nítríle hidriginithe, rubar búitile halaiginithe, leaistiméirí teirmeaplaisteacha stiréine hidriginithe (HSBCanna), rubar isipréine (IR), bolcánáit teirmeaplaisteach, rubar próipiléine eitiléine (EPR), etc.*".

(153) Ar deireadh, déanann 14 ú Plean Chúig Bhliana chúige Jilin maidir le forbairt an tionscail pheitriceimiceach foráil ([70])go ndéanfaidh an rialtas *forbairt thionscal na n-ábhar ceimiceach nua a chur chun cinn go hiomlán, mar shampla plaistigh innealtóireachta, rubar sintéiseach speisialta, agus snáithíní ardfheidhmíochta, raon feidhme na n-ábhar ceimiceach nua a chur i bhfeidhm i réimsí gluaisteán, iompar iarnróid, aeraspáis, etc., agus forbairt ardchaighdeáin chóras an tionscail pheitriceimiceach a bhaint amach inár gcúige* agus *na táirgí deich gcolún, iopoileitiléin, ABS, aicrilinítríl, meataicrioláit mheitile, feanól/aicéatón, beinséin, ochtanól búitile, ocsaíd eitiléine, rubar próipiléine, agus eatánól breosla a neartú, snáithín carbóin speisialta, poiliseabúitiléin an-ghníomhach, rubar speisialta agus ábhair phlaisteacha agus táirgí speisialtachta eile a bheachtú, (...) agus trí mhórearnáil iomaíocha a chruthú, is iad sin'roisín sintéiseach, rubar sintéiseach agus amhábhair cheimiceacha orgánacha bhunúsacha', feabhas a chur ar iomaíochas agus móiminteam forbartha inghiniúla thionscal na bpeitriceimiceán, agus cuidiú le braislí táirgí iomaíocha agus slabhraí táirgí sonracha a shaothrú.*

([65]) 14 Plean Cúig Bliana Chúige Anhui maidir le tionscal ábhar nua a fhorbairt, a foilsíodh an 28 Feabhra 2022, ROINN III, Tábla 6.
([66]) *Ibid.*
([67]) https://gxt.gansu.gov.cn/gxt/c106992/202201/1959993/files/bc8a41db8b904e55b5bd7017eb42d119.pdf (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024).
([68]) *Ibid.*
([69]) https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211115/1187880.shtml (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024).
([70]) http://gxt.jl.gov.cn/xxgk/zcwj/sgxtwj/202109/t20210914_8217060.html (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024).

(154) Luaitear freisin i dtuarascáil bhliantúil na bpríomhchuideachtaí bonn go bhfuil fóirdheontais nó tacaíocht rialtais ann. Mar shampla, luaitear i dtuarascáil bhliantúil bhoinn Aeolus gur thairbhigh an chuideachta de CNY 9,4 milliún i bhfóirdheontais rialtais in 2023, agus de 11 mhilliún in 2022. ([71]) Bhain Qingdao tairbhe as fóirdheontais rialtais dar luach CNY 105,6 milliún in 2023, agus dar luach 625 mhilliún in 2022. ([72]) Thuairiscigh Shuangqian (Double Coin) Tire Group Co., Ltd CNY 163 mhilliún in 2023 agus CNY 760,8 milliún in 2022 ([73]). Ar deireadh, léirítear i dtuarascáil bhliantúil Guizhou Tyre Co., Ltd go bhfuair an chuideachta fóirdheontais Rialtais a bhaineann le hoibríochtaí gnó CNY 25,2 milliún in 2023 agus 19,8 milliún in 2022 ([74]).

(155) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(156) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Le bearta den sórt sin cuirtear cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

3.3.6. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor*

(157) De réir na faisnéise atá ar comhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach go sásúil amhail éilimh agus fiachais a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

(158) Tá líon na bhféimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, ní hamháin toisc go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, bíonn ról láidir agus gníomhach i gcónaí ag an Stát sna himeachtaí dócmhainneachta, agus tionchar díreach aige go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([75]).

(159) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([76]). Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh tuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht Stáit) agus is ar an Stát amháin a bhraitheann leithdháileadh na talún fós. Tá forálacha dlíthiúla ann a bhfuil d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna an mhargaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([77]). Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ([78]).

(160) Cosúil le hearnálacha eile i ngeilleagar na Síne, bíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha maidir le dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá d'éifeacht leis sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir saobhadh ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil thionscal na mbonn. Níor léirigh an t-imscrúdú seo aon rud a chaithfeadh amhras ar na torthaí sin.

(161) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

([71]) https://q.stock.sohu.com/newpdf/202457883741.pdf, leathanach 146 (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([72]) https://q.stock.sohu.com/newpdf/202457251875.pdf, leathanach 145 (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([73]) http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-30/10153300.PDF, leathanach 190 (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([74]) https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202404151630237833_1.pdf?1713215477000.pdf, leathanach 193 (arna rochtain an 10 Iúil 2024).
([75]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 171-179.
([76]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([77]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([78]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 9, lgh. 252-254.

3.3.7. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá*

(162) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar chearta oibrithe agus fostóirí maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin fíor-riachtanacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([79]).

(163) Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht cheardchumainn ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus ní dhéanann sí ach obair an-bhunúsach maidir le cómhargáil agus cearta oibrithe a chosaint ([80]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta ag córas clárúcháin na dteaghlach, rud a chuireann teorainn leis an rochtain atá ag áitritheoirí áitiúla ar raon iomlán na sochar slándála sóisialta agus sochar eile i limistéar riaracháin ar leith.

(164) Fágann sé sin go bhfuil oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach ó thaobh fostaíochta de, agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chlárúcháin cónaithe ([81]). Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais pá sa tSín.

(165) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an tionscal bonn faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar ar tugadh tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais pá déantar difear go díreach dá réir sin don earnáil (maidir leis an táirge lena mbaineann, nó an príomh-amhábhar lena tháirgeadh, a mhonarú) agus go hindíreach (maidir le rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.3.8. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile*

(166) Bíonn an rochtain ar chaipiteal le haghaidh gníomhaithe corparáideacha sa tSín faoi réir saobhadh éagsúil.

(167) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht Stáit i gcóras airgeadais na Síne ([82]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain ar mhaoiniú a dheonú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht stáit) ([83]) agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(168) Agus iad á dhéanamh sin, comhlíonann na bainc sainoibleagáid dhlíthiúil maidir lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([84]). Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tá faisnéis dhobhréagnaithe ann, lena n-áirítear torthaí in imscrúduithe cosanta trádála, a thugann le fios nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

([79]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([80]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 13, lch. 366.
([81]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 13, lgh. 370-373.
([82]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([83]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 146-149.
([84]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lch. 149.

(169) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne maoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha na baincéireachta tráchtála fiú agus go mbeidh siad i gcomhréir le beartais náisiúnta. Is é atá i gceann amháin de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta anois ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([85]). Ina theannta sin, ní mór do chritéir mheastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála a chur san áireamh anois, go háirithe, an chaoi 'a bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar', agus go háirithe ar an gcaoi 'a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn' ([86]).

(170) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([87]). Éiríonn sé níos casta fós de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, trína ndírítear an maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atá le moladh nó a mbaineann tábhacht eile leo ([88]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht chaipitil agus costas an chaipitil do na gníomhaithe go léir ar an margadh.

(171) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig le déanaí ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit in ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

(172) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach iad faoi thionchar saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas. Maidir le sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is ionann é agus aon trian ar a laghad de gach iasachtú ag deireadh 2018 ([89]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr an Páirtí *'ráta úis mhargadh na n-iasachtaí a threorú síos'* ([90]). Tarlaíonn praghsáil ró-íseal de thoradh rátaí úis a bheith níos ísle ná mar atá réasúnach, agus dá dheasca sin, baintear úsáid iomarcach as caipiteal.

(173) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeifí ag súil leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá bhrí sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(174) Go bunúsach, d'ainneoin na bearta a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

(175) Níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

([85]) Féach doiciméad beartais oifigiúil Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022):* http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 8 Aibreán 2024). Tugtar treoir sa Phlean *'an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme a thuilleadh maidir le hathchóiriú ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn'*. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a chur chun cinn: *'déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta [...] Ní mór saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a bheith pléite ag Coiste an Pháirtí sula ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach cinneadh i ndáil leo'*.

([86]) Féach *Fógra CBIRC maidir leis an modh meastóireachta ar fheidhmíocht na mbanc tráchtála*, a eisíodh an 15 Nollaig 2020: Http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 10 Iúil 2024).

([87]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 157-158.

([88]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.

([89]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-ga (arna rochtain an 10 Iúil 2024).

([90]) http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (arna rochtain an 10 Iúil 2024).

(176) Go deimhin, léirítear sa tuarascáil bhliantúil agus i bhfoinsí atá ar fáil go poiblí go bhfuair na príomhchuideachtaí atá gníomhach in earnáil thionscal na mbonn tacaíocht ó bhainc bheartais. Mar shampla, luaigh foinsí poiblí go bhfuil *an coincheap forbartha nua curtha chun feidhme go gníomhach ag Brainse Henan de Bhanc Onnmhairithe-Allmhairithe na Síne, chloígh sé le freagracht agus misean na seirbhísí airgeadais don fhíorgheilleagar, agus chuir sé creidmheas 1 bhilliún yuan agus iasacht RMB 300 milliún ar fáil do Aeolus Tire Co., Ltd (dá ngairtear 'Aeolus Tire' anseo feasta) chun cabhrú leis an gcuideachta a gnó atá dírithe ar onnmhairiú a fhorbairt agus a hiomaíochas sa mhargadh idirnáisiúnta a fheabhsú tuilleadh* ([91]). Ar an gcaoi chéanna, thuairiscigh na meáin '*an 12ú Lúnasa, reáchtáil Doublestar Group agus Banc Tionscail agus Tráchtála na Síne, Brainse Qingdao searmanas sínithe comhair straitéisigh ag Samhail Dhomhanda Doublestar agus Ionad Nuálaíochta Margaidh, ag glacadh an tsamhail chomhair idir fiontair bhainc agus "comhfhorbairt agus comhfhás" go leibhéal nua.Chai Yongsen, Rúnaí Choiste an Pháirtí agus Cathaoirleach Doublestar Group, Zhang Junhua, Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí agus Uachtarán, Cai Qian, Rúnaí Choiste an Pháirtí agus Uachtarán Bhrainse Tionscail agus Tráchtála Bhanc na Síne Qingdao, Li Xia, Comhalta de Choiste an Pháirtí agus Leas-Uachtarán, agus ceannairí eile, d'fhreastail siad ar an searmanas* agus *'go leanfaidh Brainse ICBC Qingdao de sheirbhísí maithe airgeadais a sholáthar, de scála creidmheasa agus iasachta a mhéadú do Doublestar Group, agus de thacaíocht iomlán a thabhairt d'fhorbairt thapa Doublestar Group*', nó *'tá forbairt Doublestar doscartha ó thacaíocht láidir ICBC'* ([92]). Tuairiscíodh naisc láidre leis an mBanc Cumarsáide agus le Banc na Síne freisin le hailt á rá: *Glacfaidh Banc na Cumarsáide, Brainse Qingdao le Doublestar Group mar phríomhchustaiméir, agus maidir le forbairt Doublestar Group sa todhchaí, déanfaidh tacaíocht láidir a sholáthar in infheistíocht agus maoiniú línte creidmheasa, tionscadail uasghrádaithe cumais déantúsaíochta ardleibhéil Kumho Tire thar lear agus gnéithe eile, chun cabhrú le 'tríú fiontraíocht' Doublestar agus tacú le Doublestar a bheith ina fhiontar den scoth le hardteicneolaíocht, digitiú agus freagracht shóisialta a luaithe is féidir;* agus á rá: *'Yu Qun, rúnaí Choiste an Pháirtí agus uachtarán Bhanc na Síne, Brainse Qingdao, go dtacódh sé go hiomlán le forbairt an fhíorgheilleagair i Qingdao agus scála creidmheasa agus creidmheasa Doublestar Group a mhéadú chun tacú lena fhorbairt thapa.Tar éis an tsínithe, leanfaidh an dá pháirtí den chomhar gnó a leathnú, ag tosú ó riachtanais fhoriomlána fhorbairt Doublestar amach anseo, chun comhfhorbairt agus fás a bhaint amach, dul chun cinn nua a chothú go comhpháirteach ina raon feidhme gnó faoi seach, agus buntáistí don dá thaobh a bhaint amach maidir le cur chun cinn frithpháirteach idir bainc agus fiontair'* ([93]).

3.3.9. *Gné shistéamach an tsaofa a dtugtar tuairisc air*

(177) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréith de gheilleagar na Síne é an saobhadh a dtugtar tuairisc air sa Tuarascáil nuashonraithe. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil nuashonraithe. Is amhlaidh atá maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil nuashonraithe.

(178) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luaitear roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir saobhadh. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas, go háirithe in aithrisí (66) agus (106). Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí bonn faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(179) Dá bhrí sin, ní hamháin nach iomchuí na praghsanna díola intíre den táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil nuashonraithe.

(180) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur leis an ionchur agus mar sin de.

([91]) https://business.sohu.com/a/709659690_121375869 (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024).
([92]) https://baijiahao.baidu.com/s?id=1707938919540030050&wfr=spider&for=pc (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024).
([93]) http://www.doublestar.com.cn/news/3966.html (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024); http://www.doublestar.com.cn/news/3816.html (arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024).

(181) Níl a mhalairt d'fhianaise ná d'argóint á cur ar aird ag an GOC ná ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha.

3.3.10. *Tír ionadaíoch*

3.3.10.1. Barúlacha ginearálta

(182) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([94]);

— táirgeacht an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin;

— gurb ann do shonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(183) Mar a mhínítear in aithrisí (57) agus (59), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta le haghaidh an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí: an chéad nóta an 14 Eanáir 2024 agus an dara nóta an 16 Iúil 2024.

(184) Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha.

(185) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(186) Bunaithe ar na haighneachtaí tosaigh a fuarthas ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, chinn an Coimisiún na hamhábhair a ghrúpáil bunaithe ar a meáchan i dtéarmaí costais táirgthe. Sainíodh trí chatagóir: na príomh-amhábhair arb ionann iad san iomlán agus níos mó ná 35 % de na costais iomlána, na hamhábhair thánaisteacha arb ionann iad san iomlán agus níos mó ná 10 % agus an chatagóir dheireanach leis na hamhábhair eile i dtéarmaí costas táirgthe. Scrúdaíodh na catagóirí sin ansin bunaithe ar bhunachar sonraí ([95]) allmhairithe Global Trade Atlas chun a chinntiú go bhfuil siad ionadaíoch.

(187) Thairis sin, scrúdaigh an Coimisiún an raibh na hamhábhair faoi réir srianta (bunaithe ar Fhardal ECFE) ar shrianta onnmhairiúcháin ar Amhábhair Thionsclaíocha ([96]), ar ([97]) bhunachar sonraí Global Trade Alert agus ar an Léarscáil Rochtana Margaidh ([98]). Níor sainaithníodh aon srian i gcás na Tuirce.

3.3.10.2. An chéad nóta

(188) Sa chéad nóta, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl, an Indinéis, an Mhalaeisia, an Téalainn, an Tuirc agus an Afraic Theas mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda (i.e. tíortha 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta) arbh eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

(189) Bunaithe ar na haighneachtaí tosaigh ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, mheas an Coimisiún go raibh allmhairí leordhóthanacha ag an mBrasaíl agus ag an Tuirc don chuid is mó de na hamhábhair, agus nach raibh tionchar suntasach ag allmhairí de thionscnamh na Síne ar na hallmhairí foriomlána.

([94]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.
([95]) https://www.globaltradealert.org/data_extraction.
([96]) http://qdd.oecd.org/subject.aspx?Subject=ExportRestrictions_IndustrialRawMaterials.
([97]) https://www.globaltradealert.org/data_extraction.
([98]) https://www.macmap.org/

(190) Maidir leis an dara critéar, shainaithin an Coimisiún ráitis airgeadais mhionsonraithe a bhí ar fáil go héasca sa Bhrasaíl agus sa Tuirc: Vipal Borrachas S.A. ([99]) sa Bhrasaíl, agus Brisa Bridgestone Sabancı Lastik Sanayi agus Ticaret AŞ ([100]) sa Tuirc. Is táirgeoir ábhar tráchta é Vipal Borrachas agus táirgeann Bridgestone boinn nua.

(191) Mheas an Coimisiún go raibh rogha na Brasaíle níos oiriúnaí toisc go raibh boinn nua trucailí á dtáirgeadh freisin.

(192) D'iarr an Coimisiún barúlacha maidir leis an réasúnaíocht a úsáideadh chun tír ionadaíoch a aimsiú sa chéad nóta.

3.3.10.3. Éilimh arna ndéanamh le haghaidh gach tíre ionadaíche ionchasaí tar éis an chéad nóta a eisiúint

(193) Fuair an Coimisiún barúlacha ó ghrúpa Giti, ó ghrúpa Hankook agus ón gComhghuaillíocht i gcoinne allmhairí éagóracha bonn.

(194) Mhaígh Giti nár chuir an Coimisiún aon chruthúnas i láthair maidir leis an toimhde go bhféadfadh leibhéal na n-allmhairí ón tSín difear a dhéanamh do na meánphraghsanna allmhairiúcháin ó fhoinsí nach foinsí de chuid na Síne iad.

(195) Rinne an Coimisiún measúnú ar an maíomh agus mheas sé go bhfuil leibhéal na n-allmhairí ón tSín sa Mhalaeisia de chineál nach bhféadfaí a mheas go bhfuil méid na n-allmhairí ionadaíoch toisc gur dócha go ndéanfadh saobhadh difear dó, má dheimhnítear an saobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san nochtadh deiridh. I bhfianaise an riosca sin agus ós rud é go raibh allmhairí na Síne isteach sa Tuirc i bhfad níos ísle, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus dheimhnigh sé roghnú na Tuirce.

an Bhrasaíl

(196) Mhaígh Giti toisc gur mhol táirgeoir na Brasaíle na sonraí airgeadais a fhoinsiú (costais SGA agus brabús) nár tháirg sé boinn nua, ní féidir é a úsáid chun críche ríomh an ghnáthluacha. Thairis sin, an táirgeoir Brasaíleach molta, nuair a baineadh an toradh coibhéise cothromais ón ráiteas Brabúis & Caillteanais, thuairiscigh sé caillteanas oibríochtúil don bhliain 2022.

(197) Rinne an Coimisiún measúnú ar an maíomh agus dheimhnigh sé gur thuairiscigh an táirgeoir beartaithe caillteanais don bhliain 2022. Dá bhrí sin, i dteannta na hanailíse thuas, ina léirítear nach ann d'allmhairí sa Bhrasaíl le haghaidh ceithre tháirge sa dara catagóir, nuair a chuirtear san áireamh nach raibh aon sonraí airgeadais malartacha ar fáil, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach tír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl.

an Indinéis

(198) Mhaígh Giti nár cheart neamhaird a thabhairt ar an Indinéis mar gheall ar allmhairí neamhleora nó allmhairí ar bith le haghaidh chóid CC 4001 21, 4001 22 agus 4002 80 mar thagarmharc idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a úsáid chun na luachanna a ionadú (i.e. malartú Tráchtearraí Shingeapór). Níor mhínigh Giti cén fáth go bhféadfadh an Indinéis a bheith ina tír ionadaíoch ionchasach iomchuí agus cén fáth gur foinse iontaofa sonraí é malartú Tráchtearraí Singeapór. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh bunús leis an maíomh sin.

(199) Mheas an Coimisiún, i gcás nach raibh aon luach allmhairiúcháin iontaofa ann le haghaidh amhábhar áirithe (i.e. cód HS 4001 22), go bhféadfadh sé tagairt a dhéanamh do luachanna a fuarthas ó fhoinsí eile. Sa chás áirithe sin, áfach, aimsíodh allmhairí le haghaidh na n-amhábhar thuas do thíortha ionadaíocha féideartha eile.

(200) Mhaígh Giti freisin nach raibh sé ábhartha cód HS áirithe a mheas ina chás toisc nár ith sé amhábhar den sórt sin.

(201) Meabhraíonn an Coimisiún gur bhunaigh sé liosta na dtosca táirgeachta bunaithe ar na haighneachtaí a rinne na grúpaí sampláilte uile de tháirgeoirí onnmhairiúcháin toisc go raibh ar an anailís a bheith bailí dóibh uile.

([99]) Demonstracoes-Financeiras-Anuais-Completas-Vipal-Borrachas-2022-12-31-FhFCcWCt.pdf.
([100]) brisa.com.tr/yatirimci-iliskileri/sunumlar-ve-raporlar/finansal-tablolar-ve-bagimsiz-denetci-raporu/

(202) Dá bhrí sin, in éagmais sonraí allmhairiúcháin le haghaidh na hIndinéise maidir leis na cóid ábhartha agus infhaighteacht sonraí den sórt sin i dtíortha ionadaíocha ionchasacha eile, ní féidir leis an gCoimisiún an Indinéis a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí.

an Mhalaeisia

(203) Mhaígh Giti gur bhain US DoC úsáid as an Malaeisia mar an phríomhthír ionadach ([101]) le haghaidh an chineáil chéanna táirgí. Thairis sin, is í an Mhalaeisia an t-aon tír ina bhfuil allmhairí suntasacha ar phraghsanna ionadaíocha le haghaidh na n-amhábhar uile den phríomhchatagóir. Ina theannta sin, tá praghsanna allmhairiúcháin amhábhar don dara catagóir ionadaíoch freisin toisc go bhfuil siad i gcomhréir le praghsanna allmhairiúcháin i dtíortha eile nár tharraing an Coimisiún aon saincheist anuas maidir le hionadaíochas ná iontaofacht ina leith. Thairis sin, níl an Mhalaeisia thíos le boilsciú ard, rátaí díluachála agus rátaí úis arda i gcomparáid leis an Tuirc. Mhol an páirtí sonraí airgeadais Toyo Tyre Malaysia a úsáid a d'úsáid USDOC freisin.

(204) Maidir leis an táirgeoir a mhol an páirtí, thug an Coimisiún dá aire, bunaithe ar an suíomh gréasáin corparáideach, nach bhfuil boinn trucaile á dtáirgeadh ag Toyo Tyre Malaysia ([102]) ach boinn trucaile éadroime (i.e. i gcás feithiclí SUV agus 4x4) toisc nár bhain imeacht na Stát Aontaithe a luadh le boinn trucaile.

(205) Mheas an Coimisiún, i bhfianaise mhéid suntasach na n-allmhairí ón tSín de na príomh-ionchuir sa Mhalaeisia, nach bhféadfaí a mheas go bhfuil na hallmhairí ionadaíoch ós rud é gur dócha go ndéanfaidh saobhadh difear dóibh, má dheimhnítear an saobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san nochtadh deiridh.

(206) I bhfianaise an riosca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(207) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Giti go raibh dálaí eacnamaíocha cobhsaí ag an Malaeisia, áit a raibh ráta boilscithe íseal 3,3 % ann in 2022 agus nach ndearnadh ach díluacháil measartha 10 % ar a hairgeadra, rud a fhágann gur tír ionadaíoch níos oiriúnaí í an Mhalaeisia.

(208) Mar a mhínítear in aithris (222), mheas an Coimisiún nár cheart staid eacnamaíoch tíre a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch a mheas mar thoisc dhiúltach chinntitheach. Is amhlaidh atá toisc nach ndéanann staid eacnamaíoch na tíre difear díreach do bhunú tagarmharcanna. Tá cur chuige an Choimisiúin maidir le tagarmharcanna a shocrú bunaithe ar phraghsanna allmhairiúcháin le haghaidh amhábhar, chomh maith le húsáid a bhaint as céatadáin le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin (costais SGA) agus le haghaidh brabúis, rud a chuidíonn le luaineachtaí inmheánacha a fhritháireamh. Ina theannta sin, déantar costais fuinnimh a thiontú go yuan na Síne (CNY) trí úsáid a bhaint as ráta malairte a léiríonn éabhlóid an airgeadra áitiúil i gcoinne CNY. Ina fhianaise sin, mheas an Coimisiún gur tír ionadaíoch oiriúnach í an Tuirc. Tugadh neamhaird ar an maíomh.

(209) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Giti gur tháirg Brisa Bridgestone agus Goodyear Lastikleri boinn go príomha le haghaidh gluaisteán agus trucailí éadroma, cosúil leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, bhí na tagarmharcanna SGA agus brabúis a moladh bunaithe den chuid ba mhó ar bhoinn gluaisteán agus trucailí éadroma, rud a fhágann gur tagairt oiriúnach iad Toyo Tyre Malaysia.

(210) Léirigh cuardach an Choimisiúin ar thír ionadaíoch nach raibh cuideachta ag aon tír a tháirg boinn trucailí amháin. Mar a luaitear in aithris (204), níor tháirg Toyo Tyre Malaysia boinn trucailí, agus mhonaraigh Brisa Bridgestone agus Goodyear Lastikleri boinn trucailí ina saoráidí sa Tuirc. I bhfianaise an mhéid sin, chinn an Coimisiún tosaíocht a thabhairt do chuideachtaí a tháirgeann boinn trucailí agus tagarmharcanna á mbunú acu le haghaidh SGA agus brabúis. Áirithítear leis an gcur chuige sin go bhfuil na tagarmharcanna níos ábhartha agus ionadaíoch don tionscal.

([101]) Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, Meabhrán Cinnidh le haghaidh Réamhthorthaí an Athbhreithnithe Riaracháin ar Dhleacht Frithdhumpála ar Bhoinn Áirithe Feithiclí Paisinéirí agus Trucailí Éadroma ó Dhaon-Phoblacht na Síne; 2021-2022, lch. 15.

([102]) www.toyotiresasia.com/about-us : 'Cuireann TOYO TIRES raon bonn ar fáil faoi láthair lena n-áirítear boinn ghluaisteáin PROXES atá deartha le haghaidh míleáiste agus feidhmíochta, agus boinn COUNTRY OSCAIL le haghaidh SUVanna agus feithiclí 4x4 a fhreastalaíonn ar úsáideoirí ar an mbóthar agus easbhóthair sa Mhalaeisia'.

an Téalainn

(211) Mhaígh Giti gur cheart gurb í an Téalainn an rogha is oiriúnaí i measc na roghanna a mheas an Coimisiún. Mhaígh Giti agus Hankook nár cheart neamhaird a thabhairt ar an Téalainn toisc nach leor na hallmhairí le haghaidh chóid CC 4001 21, 4001 22 agus 4002 80 nó nach bhféadfaí allmhairí ar bith a úsáid mar thagarmharc idirnáisiúnta chun na luachanna a ionadú (i.e. malartú Tráchtearraí Shingeapór nó Statista) agus nach raibh aon fhoráil sa bhun-Rialachán lena gceanglaítear sonraí allmhairiúcháin a úsáid. Thairis sin, mhaígh Giti gur mheas sé go raibh 4001 21 gan úsáid ina chás toisc nár ith sé amhábhar den sórt sin. Chuir an páirtí céanna liosta de thriúr táirgeoirí bonn trucailí ar fáil.

(212) Thug an Coimisiún dá aire nár thug Giti bunús lena mhaíomh agus nár mhínigh sé cén fáth gurb í an Téalainn an rogha is oiriúnaí don tír ionadaíoch, ná níor mhínigh sé cén fáth gur foinsí iontaofa faisnéise ([103]) iad malartú tráchtearraí Shingeapór ná Statista. Meabhraíonn an Coimisiún gur bhunaigh sé liosta na dtosca táirgeachta bunaithe ar an aighneacht a rinne na grúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile toisc go raibh ar an anailís a bheith bailí dóibh uile. Thairis sin, mheas an Coimisiún nach féidir an Téalainn a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí i gcás nach bhfuil allmhairí ann a bheag nó a mhór le haghaidh ceann de na príomh-ionchuir ón bpríomhchatagóir thuasluaite.

an Tuirc

(213) Mhaígh an Chomhghuaillíocht in aghaidh allmhairí éagóracha nár mheas an Coimisiún gur allmhairigh an Tuirc méideanna suntasacha ionchur ón Rúis. Rinneadh difear mór do na sreafaí trádála ón Rúis leis na smachtbhannaí tar éis ionradh na hÚcráine i mí Feabhra 2022 agus rinneadh méideanna móra táirgí a atreorú chuig margaí nach margaí de chuid an Aontais iad i ndálaí tráchtála nach féidir a áirithiú go gcoinneofaí dálaí an mhargaidh shaoir ar bun. Dá bhrí sin, de réir na Comhghuaillíochta i gcoinne allmhairí éagóracha ní féidir an Tuirc a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí.

(214) Rinne an Coimisiún measúnú ar an maíomh agus shuigh sé go raibh méideanna suntasacha d'allmhairí Rúiseacha sa Tuirc de dhá chód CC den phríomhchatagóir (mar a shainmhínítear sa chéad nóta: 2803 00 agus 4002 19). Mar sin féin, níor chuir an páirtí fianaise ar fáil go bhféadfadh allmhairí ón Rúis na hallmhairí isteach sa Tuirc a dhéanamh neamhiontaofa. Níor bhreathnaigh an Coimisiún fianaise ar aon luaineacht neamhghnách i bpraghsanna maidir le hallmhairiú an dá chód CC ón Rúis isteach sa Tuirc nár díoladh le lascainí móra i gcomparáid le meánphraghas allmhairiúcháin an ionchuir sin sa Tuirc. Dá bhrí sin, tugadh neamhaird ar an maíomh.

(215) Mhaígh Giti gur fhorchuir an Tuirc bearta frithdhumpála chun a tionscal cruach a chosaint, agus dá bhrí sin shaobh na bearta sin praghsanna allmhairiúcháin sreinge cruach (ionchur chun boinn a tháirgeadh) agus ina theannta sin go raibh cosaint shuntasach ag táirgeoirí áitiúla bonn, i.e. bearta frithdhumpála ar bhoinn, as ar eascair brabúis a bhí ardaithe go saorga. Mheas an Coimisiún nach raibh sé d'aidhm ag forchur na mbeart frithdhumpála táirgeoirí áitiúla a chosaint ar iomaíocht ach, os a choinne sin, chuir sé gnáthstaid iomaíoch ar bun arís. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(216) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Giti nár thug an Coimisiún aghaidh ar mhaíomh a rinneadh tar éis an Dara Nóta ar Thosca Táirgeachta a nochtadh gur buntáirge cruach é an tsreang chruach a úsáidtear sa táirge faoi imscrúdú a fhaightear go hiondúil ar bhonn intíre agus gur cheart táirgí speisialtachta seachas treochtaí ginearálta an mhargaidh a léiriú sna hallmhairí. Léiríodh an saobhadh sin trí chomparáid a dhéanamh idir praghas onnmhairiúcháin na Tuirce agus an praghas allmhairiúcháin a bhí thart ar leath den phraghas allmhairiúcháin.

(217) Mhaígh Giti gur úsáideadh cineál sonrach sreinge cruach chun boinn trucailí a tháirgeadh, ach theip air aon fhianaise a sholáthar chun tacú leis an maíomh sin. In éagmais fianaise den sórt sin, mheas an Coimisiún go raibh an maíomh tuairimeach agus, dá bhrí sin, níor chuir sé san áireamh é.

([103]) Is ardán domhanda sonraí agus faisnéise gnó é Statista le bailiúchán fairsing staitisticí, tuarascálacha agus léargas.

(218) Maidir leis an Tuirc, mhaígh Hankook go raibh fochuideachtaí Arvento san áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite Brisa Bridgestone, fochuideachtaí a raibh baint acu le forbairt agus monarú teicneolaíochtaí soghluaiste. Dá bhrí sin, measadh gur léir nach raibh Brisa Bridgestone ionadaíoch chun críoch ríomh an ghnáthluacha. Mhol an páirtí Goodyear Lastikleri Turk ([104]) a úsáid a bheadh níos oiriúnaí ná Brisa Bridgestone toisc nach raibh comhdhlúthú ar chineálacha eile gníomhaíochtaí.

(219) Maidir le Brisa Bridgestone agus Arvento, thug an Coimisiún dá aire nár thug an páirtí bunús lena mhaíomh, go háirithe maidir le tionchar láimhdeachas Arvento ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh sonraí airgeadais Brisa Bridgestone fós ina bhfoinse iomchuí chun costais SGA agus céatadáin bhrabúis a shuí. Thairis sin, bhreithnigh an Coimisiún an maíomh maidir le Goodyear Lastikleri Turk agus tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh sonraí airgeadais an táirgeora bonn trucaile sin a bheith ina bhfoinse freisin chun costais SGA agus céatadáin bhrabúis a shuí chun gnáthluach a ríomh sa Tuirc, chomh maith le sonraí Brisa Bridgestone. Go deimhin, tá sonraí airgeadais Goodyear Lastikleri Turk ar fáil go héasca agus déantar iniúchadh ar a chuntais. Bunaithe ar an dá tháirgeoir, is iad 22.0 % agus 10.8 % faoi seach na meánrátaí ualaithe do chostais SGA agus do bhrabús, arna sloinneadh mar chéatadán de chostas na n-earraí a dhíoltar, féadfar a mheas go bhfuil siad réasúnta do thionscal den sórt sin.

(220) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(221) Mhaígh Giti agus Hankook go ndéanann na dálaí eacnamaíocha (amhail boilsciú ard, díluacháil lira na Tuirce, méadú ar rátaí iasachta nó praghas fuinnimh) difear do gheilleagar na Tuirce, agus go raibh tionchar ag cinneadh polaitiúil ar na costais saothair. Dar leo, d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh d'iontaofacht costas indíreach agus an bonn a bhaint d'iontaofacht an ghnáthluacha.

(222) Mheas an Coimisiún nach raibh tionchar ag díluacháil lira na Tuirce ar na praghsanna allmhairiúcháin, mheas an Coimisiún go léireofar aon mhéadú le méadú ar chostais iomlána na n-earraí a díoladh agus/nó costais SGA agus, dá bhrí sin, leis an laghdú ar chorrlach brabúis an táirgeora ionadaíoch. Ós rud é gur sloinneadh costais SGA agus corrlaigh bhrabúis mar chéatadán, ní raibh aon tionchar aige sin ar ríomh an ghnáthluacha. Maidir le boilsciú costas sonrach áirithe, mar shaothar nó leictreachas, mheas an Coimisiún go bhfuil an boilsciú a tuairiscíodh sa Tuirc laghdaithe den chuid is mó le héabhlóid an ráta malairte idir lira na Tuirce agus Renminbi. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(223) Tar éis an nochta dheiridh, d'áitigh Giti, cur chuige an Choimisiúin maidir le costais SGA a ríomh, nár cuireadh san áireamh leis tionchar suntasach na díluachála airgeadra ar onnmhairí agus allmhairí, a ainmníodh in airgeadraí eachtracha. Go háirithe, thug Giti dá aire nach raibh ceanglas an Choimisiúin idirdhealú a dhéanamh idir gnóthachain/caillteanais malartaithe réadaithe agus aistrithe, nach raibh an ceanglas sin indéanta toisc nár chuir sonraí airgeadais chuideachtaí na Tuirce an leibhéal mionsonraithe sin ar fáil.

(224) Rinne an Coimisiún scrúdú freisin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe ar chorrlach SGA, ach níor aimsigh sé aon fhianaise sa chomhad a thabharfadh le fios go raibh sé suntasach. I gcás ar bith, is léir go mbeadh tionchar comhfhreagrach ag aon athrú ar na costais SGA ar an méid brabúis iomlán, agus dá bhrí sin ní dhéanfadh sé difear do chinneadh deiridh na gcorrlach dumpála. Dá thoradh sin, tugadh neamhaird ar an maíomh.

an Afraic Theas

(225) I gcás na hAfraice Theas, aontaíonn Giti leis an gCoimisiún nach cosúil gur tír ionadaíoch oiriúnach í an Afraic Theas mar gheall ar na hallmhairí diomaibhseacha le haghaidh na dtosca táirgeachta uile.

(226) Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Tuirc a mheas mar thír ionadaíoch.

([104]) Finansal Bilgiler (goodyear.eu)

3.3.11. *An Dara Nóta*

(227) Tar éis nochtadh an chéad nóta, rinne grúpa Hankook athbhreithniú roinnt uaireanta ar a aighneacht tosaigh maidir le tosca táirgeachta. Mar thoradh air sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar liosta chóid CC gach catagóire ar a dtugtar tuairisc in aithris (186) agus ar a anailís tosaigh. Tar éis athbhreithnithe, b'ionann an phríomhchatagóir sa Dara Nóta agus thart ar 64 % de na costais ábhair dhíreacha, agus b'ionann an dara catagóir táirgí agus thart ar 22 % de na costais ábhair dhíreacha.

(228) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Giti gur theip ar an gCoimisiún mínithe a thabhairt ar athaicmiú chód HS 4002 80 ó chatagóir A go catagóir B.

(229) Mar a luaitear in aithris (227), rinneadh athbhreithniú ar liosta chóid CC gach catagóire tar éis an athbhreithnithe ar thosca táirgthe Hankook. Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh chun gach catagóir a shuí bunaithe ar mheáchan gach cóid HS mar a thuairiscítear in aithris (186). Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur nochtadh go sainráite do pháirtithe leasmhara an mhodheolaíocht a úsáideadh. Tugadh neamhaird ar an maíomh.

(230) Mar a luaitear in aithris (219), rinne an Coimisiún athbhreithniú ar liosta na gcód CC le haghaidh gach catagóire mar fhreagairt d'athbhreithniú ar thosca táirgthe Hankook. Rinneadh an t-athbhreithniú sin i gcomhréir leis an modheolaíocht ar a dtugtar tuairisc in aithris (186), atá bunaithe ar mheáchan gach cóid CC. Rinne an Coimisiún an mhodheolaíocht sin a nochtadh go sainráite do pháirtithe leasmhara, agus dá bhrí sin mheas sé nach raibh bunús leis an maíomh. Dá thoradh sin, tugadh neamhaird ar an maíomh.

3.3.12. *Éilimh a rinneadh tar éis eisiúint an Dara Nóta*

(231) Ina gcuid barúlacha, d'athdhearbhaigh Grúpa Hankook a mhaíomh nach bhféadfaí na ráitis airgeadais chomhdhlúite a úsáid (féach aithris (218)) agus níor chuir an Coimisiún aon fhianaise ar fáil chun tacú le Brisa Bridgestone a mheas mar fhoinse iontaofa. Dá bhrí sin, mheas grúpa Hankook nach raibh údar le sonraí airgeadais Brisa Bridgestone.

(232) Shuigh an Coimisiún nár thug grúpa Hankook bunús lena mhaíomh le fianaise nua go raibh tionchar ag ionsú Arvento ar chorrlach brabúis Brisa Bridgestone. Nuair a comhdhlúthaíodh ráitis airgeadais Brisa Bridgestone agus Goodyear Lastikleri Turk, sholáthair sé corrlach brabúis réasúnta 10,8 %, agus dá bhrí sin ba cheart é a mheas mar an tagarmharc is iomchuí atá ar fáil.

(233) Ina gcuid barúlacha, d'athdhearbhaigh Grúpa Giti a mhaíomh nár cheart neamhaird a thabhairt ar an Malaeisia toisc gur roghnaigh an Coimisiún agus DoC na Stát Aontaithe an tír i gcásanna le déanaí. Mheas Grúpa Giti Group gur tír ionadaíoch i bhfad níos oiriúnaí í an Mhalaeisia toisc gur allmhairíodh na príomh-ionchuir i gcainníocht leordhóthanach. Thairis sin, maidir le táirgeoir a roghnú sa tír ionadaíoch, mheas Giti Group go bhféadfaí a mheas go raibh Toyo Tyre Malaysia fós iomchuí, cé nár tháirg sé ach boinn SUV. Bhí sé sin bunaithe ar an bhfíoras nár tháirg an táirgeoir Turcach, Goodyear Lastikleri Turk, boinn trucailí amháin. Go háirithe, sa chéad ráithe 2023, b'ionann boinn le haghaidh gluaisteán agus 85 % de líon na mbonn a dhíol táirgeoirí onnmhairiúcháin san Aontas.

(234) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh toisc nár tháirg Toyo Tyre Malaysia an táirge faoi athbhreithniú ar chor ar bith.

(235) Maidir leis an Tuirc, d'athdhearbhaigh Grúpa Giti a mhaímh maidir le boilsciú agus díluacháil Lira na Tuirce, go raibh tionchar ag tosca polaitiúla ar phraghsanna leictreachais nó ar chostais saothair, agus go raibh boinn de thionscnaimh éagsúla faoi réir bearta frithdhumpála.

(236) Ós rud é nár chuir Giti Group aon fhianaise bhreise isteach, tugadh neamhaird ar an éileamh.

3.3.13. *Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil*

(237) Tar éis a shuí gurb í an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.3.13.1. Conclúid

(238) I bhfianaise na hanailíse thuas, agus i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, mheas an Coimisiún gurb í an Tuirc an tír ionadaíoch is iomchuí agus gurbh í ráitis airgeadais chomhdhlúite Brisa Bridgestone agus ráitis airgeadais Goodyear Lastikleri Turk an fhoinse iomchuí agus réasúnta le haghaidh sonraí airgeadais.

3.3.14. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(239) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go héasca a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(240) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé, ar thaobh amháin, Institiúid Staidrimh na Tuirce ([105]) chun costais neamhshaofa saothair, gáis nádúrtha, gáis nádúrtha leachtaithe ('GNL') agus gaile a shuí, agus ar an taobh eile na staitisticí arna soláthar ag Údarás Rialála an Mhargaidh Fuinnimh ([106]) chun costas neamhshaofa leictreachais a shuí. Úsáidfidh an Coimisiún na staitisticí a sholáthróidh Uachtaránacht Oifig Infheistíochta Phoblacht na Tuirce ([107]) chun costas neamhshaofa an uisce a shuí.

(241) Chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí ón tír ionadaíoch iomchuí á n-úsáid aige.

3.3.14.1. Tosca táirgeachta

(242) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta

Toisc tháirgeachta	Cód an tráchtearra sa Tuirc	in CNY	Aonad tomhais	Foinse sonraí
Amhábhair				
ola phónaire shoighe	150790	40,977	CNY/kg	Global Trade Atlas ([108])
sulfar de gach cineál	250300	1,490	CNY/kg	Global Trade Atlas
caoilín	250700	1,710	CNY/kg	Global Trade Atlas
créanna eile	250840	1,672	CNY/kg	Global Trade Atlas
Maignéisiam, ocsaíd mhaignéisiam eile	251990	5,764	CNY/kg	Global Trade Atlas
peitriliam eile	271019	5,740	CNY/kg	Global Trade Atlas

([105]) Institiúid Staidrimh na Tuirce: http://www.turkstat.gov.tr.
([106]) ÚRMF | An tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh: http://epdk.gov.tr.
([107]) Oifig Infheistíochta na Tuirce: https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx.
([108]) www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.

Toisc tháirgeachta	Cód an tráchtearra sa Tuirc	in CNY	Aonad tomhais	Foinse sonraí
Céaracha mianracha	271290	9,368	CNY/kg	Global Trade Atlas
dubha carbóin	280300	10,448	CNY/kg	Global Trade Atlas
Dé-ocsaíd sileacain	281122	19,662	CNY/kg	Global Trade Atlas
ocsaíd since	281700	7,491	CNY/kg	Global Trade Atlas
carbónáit chailciam	283650	3,637	CNY/kg	Global Trade Atlas
hidreacarbóin fháinneacha eile	290219	18,489	CNY/kg	Global Trade Atlas
comhdhúile orgánasulfair eile	293090	25,540	CNY/kg	Global Trade Atlas
céaracha saorga eile agus céaracha ullmhaithe eile	340490	20,000	CNY/kg	Global Trade Atlas
brostaitheoirí rubair ullmhaithe	381210	38,299	CNY/kg	Global Trade Atlas
plaisteacháin chomhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach	381220	16,826	CNY/kg	Global Trade Atlas
meascáin d'olagaiméirí de 2,2,4-trímheit-il-1,2-déhidreacuin-eoilín	381231	22,786	CNY/kg	Global Trade Atlas
ullmhóidí frith-ocsaídiúcháin eile agus cobhsaitheoirí eile comhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach	381239	27,414	CNY/kg	Global Trade Atlas
aigéad stéarach	382311	10,265	CNY/kg	Global Trade Atlas
ceimiceáin eile	382499	25,565	CNY/kg	Global Trade Atlas
polaiméirí de stiréin	390390	14,054	CNY/kg	Global Trade Atlas
roisíní mealaimín	390920	20,405	CNY/kg	Global Trade Atlas
roisíní feanólacha	390940	20,553	CNY/kg	Global Trade Atlas
roisíní peitriliam, cúmaróin, indéine nó roisíní cúmarón-indéine agus polaiteirpéiní	391110	18,458	CNY/kg	Global Trade Atlas
leatháin dheataithe	400121	14,692	CNY/kg	Global Trade Atlas
rubar nádúrtha atá sonraithe go teicniúil	400122	12,769	CNY/kg	Global Trade Atlas

Toisc tháirgeachta	Cód an tráchtearra sa Tuirc	in CNY	Aonad tomhais	Foinse sonraí
rubar sintéiseach	400219	15,197	CNY/kg	Global Trade Atlas
rubar sintéiseach	400220	14,566	CNY/kg	Global Trade Atlas
rubar sintéiseach	400239	22,528	CNY/kg	Global Trade Atlas
rubar sintéiseach	400270	20,992	CNY/kg	Global Trade Atlas
rubar sintéiseach	400280	7,945	CNY/kg	Global Trade Atlas
rubar athshlánaithe, i bhfoirmeacha príomhúla nó ina phlátaí, ina leatháin nó ina stiallacha	400300	3,477	CNY/kg	Global Trade Atlas
rubar comhshuite le dubh carbóin nó silice	400510	16,169	CNY/kg	Global Trade Atlas
Snáth singil cadáis	520523	25,243	CNY/kg	Global Trade Atlas
Snáth singil cadáis	520622	33,186	CNY/kg	Global Trade Atlas
corda boinn	590210	50,004	CNY/kg	Global Trade Atlas
corda boinn	590220	28,808	CNY/kg	Global Trade Atlas
corda boinn	590290	84,159	CNY/kg	Global Trade Atlas
Sreang iarainn, í plátáilte nó brataithe le táirmhiotail seachas sinc	721730	14,224	CNY/kg	Global Trade Atlas
sreang dhualach, ropaí agus cáblaí	731210	24,539	CNY/kg	Global Trade Atlas
Saothar				
costas saothair in aghaidh na daonuaire	N/B	69,20	daonuair	Institiúid Staidrimh na Tuirce
Fuinneamh				
gual	270111	1,700	CNY/kg	Global Trade Atlas
leictreachas	N/B	1,180	CNY/kWh	Institiúid Staidrimh na Tuirce
gás nádúrtha	N/B	5,02	CNY/m³	Institiúid Staidrimh na Tuirce
gás gaile	N/B	2 361	CNY/Tonna	Institiúid Staidrimh na Tuirce
uisce	N/B	4,957	CNY/m³	Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce

3.3.14.2. Amhábhair

(243) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh an praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([109]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i Roinn 3.2 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ón tSín chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

(244) An costas iompair arna thabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

(245) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Giti go ndearna an Coimisiún neamhaird go mhícheart dá cheannacháin rubair nádúrtha nuair a allmhairíodh agus sonrascadh iad go díreach in airgeadraí eachtracha.

(246) Thug an Coimisiún dá aire, fiú dá n-úsáidfeadh sé an costas a bhaineann le rubar nádúrtha a cheannach nuair a dhéantar é a allmhairiú agus a shonrascadh go díreach in airgeadraí eachtracha, nach laghdódh an corrlach dumpála ach thart ar 2 % agus go mbeadh sé fós i bhfad os cionn an leibhéil *de minimis*, rud a d'fhágfadh nach n-athrófaí an toradh foriomlán go leanfaí den dumpáil. Dá réir sin, níor thug an Coimisiún aghaidh ar an maíomh a thuilleadh.

3.3.14.3. Saothar

(247) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla den gheilleagar sa Tuirc ([110]). Shuigh an Coimisiún an tagarmharc bunaithe ar an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil a chumhdaíonn 2022 maidir le meánchostais saothair in aghaidh na huaire don ghníomhaíocht eacnamaíoch 'Monarú bonn rubair agus táirgí tiúb' cód NACE C.22 de réir aicmiú NACE Rev.2 agus catagóir lín foirne de níos mó ná 1 000 fostaí. Rinneadh na luachanna a choigeartú a thuilleadh de réir an bhoilscithe trí úsáid a bhaint as an innéacs costais saothair a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([111]) chun na costais sa tréimhse imscrúdúcháin a léiriú.

(248) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Giti gur chosúil go raibh an tagarmharc a úsáideadh ró-ard i gcomparáid le cásanna eile a bhí ann le déanaí.

(249) Rinne an Coimisiún athmheasúnú ar an maíomh agus níor aimsigh sé aon fhianaise ar earráidí sa ríomh. Tagairtí an pháirtí do chásanna eile i dtionscail éagsúla, mar shampla rópaí agus cáblaí cruach, mealaimín, agus cairbíd tungstain, níor chuir siad bunús ar fáil chun ríomhanna an Choimisiúin a cheistiú. Is féidir na difríochtaí a thugtar faoi deara sna cásanna sin a chur i leith shaintréithe ar leith gach tionscail. Tugadh neamhaird ar an maíomh.

([109]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

([110]) Institiúid Staidrimh na Tuirce - Uaireanta oibre seachtainiúla iarbhír agus meánchostas saothair míosúil de réir gníomhaíocht eacnamaíoch agus Uaireanta oibre seachtainiúla iarbhír agus meánchostas saothair míosúil de réir stádas an chumhdaigh le comhaontú comhchoiteann agus le haicme méide fiontair: https://data.tuik.gov.tr/Kategori/GetKategori?p=istihdam-issizlik-ve-ucret-108&dil=2. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([111]) Institiúid Staidrimh na Tuirce - Innéacsanna costais saothair: https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Input-Indices-Quarter-I:-January-March,-2024-53682. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

3.3.14.4. Leictreachas

(250) Foilsíonn an tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh ([112]) sa Tuirc praghas an leictreachais do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir leis na praghsanna leictreachais tionsclaíocha ar thug EMRA sainordú iad a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023, glan ó CBL ós rud é go bhfuil táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú de chuid na Tuirce i dteideal aisíocaíocht a fháil ina leith.

3.3.14.5. Gás nádúrtha agus gás gaile

(251) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce praghas an gháis nádúrtha d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún an praghas a bhí ar fáil don dara seimeastar de 2021 agus don chéad seimeastar de 2022 a chomhfhreagraíonn don bhanda tomhaltais 2 610 000 – 26 100 000 m^3 ([113]). Rinneadh an praghas sin a choigeartú a thuilleadh don bhoilsciú trí úsáid a bhaint as an Innéacs Praghsanna Táirgeoirí arna fhoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce ([114]) chun an praghas sa tréimhse imscrúdúcháin a léiriú. Asbhaineadh an CBL, atá san áireamh sa phraghas foilsithe, toisc go bhfuil táirgeoirí na Tuirce a tháirgeann an táirge atá faoi imscrúdú i dteideal aisíocaíocht a fháil ina leith.

(252) Maidir le gás gaile, díorthaíodh an tagarmharc ón tagarmharc gáis nádúrtha trí chóimheas comhshó a úsáid. Go sonrach, faoi dhálaí caighdeánacha, meastar go n-ídítear thart ar 0,421 tona de ghás nádúrtha chun tona amháin de ghás gaile a tháirgeadh.

3.3.14.6. Uisce

(253) D'fhoilsigh Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce ([115]) costas an uisce le haghaidh úsáid thionsclaíoch. D'úsáid an Coimisiún an praghas a bhí bailí in 2023 le haghaidh réigiún Balikesir ina bhfuil Sisecam Elyaf lonnaithe, glan ó CBL toisc go bhfuil táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú de chuid na Tuirce i dteideal aisíocaíocht a fháil ina leith.

3.3.14.7. Forchostais déantúsaíochta, costais SGA agus brabúis

(254) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(255) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar chéatadán de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(256) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh brabúis agus costais SGA d'úsáid an Coimisiún na sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca, le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe maidir leis na táirgeoirí de chuid na Tuirce Brisa Bridgestone agus Goodyear Lastikleri Turk a luaitear in aithris (238) thuas.

(257) Bunaithe ar ráitis airgeadais chomhdhlúite Brisa Bridgestone agus ráitis airgeadais Goodyear Lastikleri, is iad 22.0 % agus 10.8 % faoi seach na meánrátaí ualaithe le haghaidh costais SGA agus an bhrabúis, arna sloinneadh mar chéatadán de chostas na n-earraí a díoladh. Measadh go raibh na rátaí sin réasúnta do thionscal na mbonn.

([112]) An tÚdarás Rialála Margaidh Fuinnimh: https://www.epdk.gov.tr/Detay/Icerik/3-0-39/kurul-kararlari- An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([113]) Institiúid Staidrimh na Tuirce - Praghsanna gáis nádúrtha tionscail de réir bandaí tomhaltais le haghaidh na tréimhse Eanáir-Meitheamh, 2022: https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Electricity-and-Natural-Gas-Prices-Period-I:-January-June,-2022-45567. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([114]) Institiúid Staidrimh na Tuirce - Innéacs praghsanna táirgeoirí intíre agus ráta athraithe: https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Domestic-Producer-Price-Index-June-2024-53691. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Cuirtear na comhaid ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

([115]) Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce: https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/costas gnó a dhéanamh.aspx – An roinn maidir leis an gcostas a bhaineann le gnó a dhéanamh. An dáta deireanach ar breathnaíodh air an 18 Iúil 2024. Tá gabháil scáileáin de na sonraí ábhartha ar fáil sa chomhad do pháirtithe leasmhara faoin uimhir shábhála: t24.005240.

(258) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Giti gur úsáid an Coimisiún tagarmharc mar chorrlach brabúis lena léirítear brabús chuideachtaí bhranda Leibhéal 1, agus dá bhrí sin nach féidir leis a bheith ina thagarmharc réasúnta dóibh.

(259) Mar a luaitear thuas in aithris (257), bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil agus shocraigh sé corrlach 8,1 % (arna shloinneadh mar chéatadán den ioncam iomlán). Cé nach raibh ríomh bunaithe ar na trí leibhéal indéanta, mheas an Coimisiún go raibh an corrlach sin gar do mheán ualaithe idir leibhéal 1 agus leibhéal 2 toisc nach dtáirgeann Bridgestone agus Goodyear boinn trucaile leibhéal 1 amháin ach boinn trucaile leibhéal 2 faoi ainmneacha branda éagsúla freisin. Mheas an Coimisiún, áfach, go raibh an tagarmharc sin réasúnach chun críoch athbhreithniú éaga. Is amhlaidh atá toisc nach bhfuil corrlach cruinn ag teastáil in athbhreithniú den sórt sin. Dá thoradh sin, tugadh neamhaird ar an maíomh.

(260) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh Hankook nár cheart ráitis airgeadais Brisa Bridgestone a úsáid chun críche an ríofa dumpála agus gur chuir Hankook argóintí i láthair ag céimeanna éagsúla den imscrúdú. Mheas Hankook nár thug an Coimisiún aghaidh ar a argóintí agus dá bhrí sin gur chuir sé bac ar chearta cosanta Hankook ós rud é gur léir nach ndearnadh measúnú ar a mhaíomh de réir an chaighdeáin a cheanglaítear le bunphrionsabail an dea-riaracháin.

(261) Mhaígh Hankook nach bhfuil sna cúiseanna a d'agair an Coimisiún chun údar a thabhairt le húsáid Brisa Bridgestone ach tuairimíocht nach dtacaíonn fianaise leo agus gur theip ar an gCoimisiún bunús a thabhairt lena rogha féin agus an cruthúnas caighdeánach is gá a chomhlíonadh chun luach ionadaíoch a shainaithint do chostais SGA; speansais agus brabús mar a shainordaítear le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(262) Dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta an prionsabal sin le déanaí toisc gur athdhearbhaigh sí an bunphrionsabal go bhfuil an dualgas cruthúnais comhfhreagrach ar an bpáirtí atá ag iarraidh brath ar mhaíomh ([116]). Sa chás sonrach seo, ós rud é nach costais agus brabúis Ghrúpa Hankook iad na costais SGA agus na brabúis ábhartha, is é an Coimisiún nach mór dó a chruthú go bhfuil na figiúirí sin 'iomchuí', mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(6a). Dá bhrí sin, is faoin gCoimisiún atá sé fianaise chomhsheasmhach a chur ar fáil gurb iomchuí an Tuirc a roghnú mar thír ionadaíoch, agus gurb iomchuí – inter alia – Brisa Bridgestone a roghnú mar tháirgeoir áitiúil ionadaíoch, agus go bhfuil údar leis de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán – agus ní faoi na páirtithe leasmhara atá sé a mhalairt a léiriú.

(263) Mhaígh Hankook gur chinn an Coimisiún an táirgeoir de chuid na Malaeisia a eisiamh toisc go raibh sé gníomhach in earnálacha eile freisin.

(264) Mhaígh Hankook gur faoin gCoimisiún atá sé a chruthú gurb iomchuí a rogha táirgeora áitiúil ionadaíoch a roghnú de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus nach faoin gCoimisiún atá sé a mhalairt a chruthú.

(265) Bhí éagsúlacht táirgí éagsúla i gceist le figiúirí comhdhlúite Brisa Bridgestone, lena n-áirítear roinnt táirgí ar soiléir nach mbaineann siad leis an imscrúdú agus, dá bhrí sin, fágann sé nach bhfuil siad ionadaíoch de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(266) Mhaígh Hankook gur theip ar an gCoimisiún a mhíniú cén fáth a raibh gá le ráitis airgeadais Brisa Bridgestone a úsáid. Thairis sin, shoiléirigh Hankook nár ceistíodh riamh úsáid ráitis airgeadais Goodyear Lastikleri agus dá bhrí sin ní raibh aon ghá le cuideachta eile a chur leis.

(267) B'éigean neamhaird a dhéanamh de na maímh sin. Mheas an Coimisiún go raibh Brisa Bridgestone ina tháirgeoir ionadaíoch sa tír ionadaíoch toisc (i) go dtáirgeann sé an táirge lena mbaineann, (ii) go raibh sonraí airgeadais ar fáil dó don tréimhse faoi bhreathnú agus (iii) nach raibh a chostais SGA agus a bhrabús ard go díréireach agus, dá bhrí sin, measadh go raibh siad iomchuí. Os a choinne sin, níor chuir Hankook aon fhianaise ar fáil go raibh costais SGA agus brabús neamhghnách ann mar thoradh ar chomhdhlúthú gníomhaíochtaí eile i ráiteas airgeadais Brisa Bridgeston. Dá bhrí sin, tar éis sonraí airgeadais a bheith ar fáil maidir le dhá tháirgeoir an táirge lena mbaineann sa Tuirc, níor aimsigh an Coimisiún aon eilimint chun ceann amháin nó an ceann eile a eisiamh.

(268) A mhéid a bhaineann leis an argóint maidir leis an táirgeoir Malaeisiach a eisiamh, mar a mhínítear thuas in aithris (234), níor tháirg sé an táirge lena mbaineann ar chor ar bith, seachas an dá tháirgeoir a sainaithníodh sa Tuirc.

([116]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 21 Feabhra 2024, Sinopec, Cás T-762/20, EU:T:2024:113, mír 65.

(269) Mhaígh Hankook agus Giti gur shuigh an Coimisiún na costais SGA go mícheart toisc nár baineadh speansais áirithe, amhail costais iompair agus stórála, ó mhéid iomlán na méideanna SGA. Thairis sin, mhaígh Hankook agus Giti gur cheart cineálacha eile costas a bhaint de SGA, amhail costais choimisiúin nó costais mhargaíochta.

(270) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na maímh agus chinn sé go raibh gá le hathbhreithniú ar an gcéatadán SGA. Maidir leis an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm, d'úsáid an Coimisiún a mhodheolaíocht chaighdeánach chun an céatadán SGA glan ó chostais iompair a shuí: ón ioncam iomlán, baineadh costais an earra a díoladh agus an brabús, ansin asbhaineadh na costais iompair.

(271) Bunaithe ar na ráitis airgeadais a bhí ar fáil, bhain an Coimisiún na costais iompair den mhéid iomlán SGA (mar a suíodh bunaithe ar an modheolaíocht a thuairiscítear thuas). Mar gheall ar an easpa faisnéise ráithiúla, rinne an Coimisiún meastachán ar na costais iompair le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe bunaithe ar na ráitis airgeadais le haghaidh mhí Eanáir-mí an Mheithimh 2023. B'ionann na costais iompair mheasta agus céatadán de mhéid iomlán na gcostas SGA. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, laghdaigh an céatadán SGA ó 22,0 % go 18,5 % nuair a shloinntear é mar chéatadán de chostas na n-earraí a díoladh (13 % nuair a shloinntear é mar chéatadán den ioncam iomlán).

3.3.15. *Ríomh an ghnáthluacha*

(272) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(273) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Fíoraíodh na cóimheasa tomhaltais sin a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha le linn na cuairte fíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na cóimheasa úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i Roinn 3.3.14.

(274) A luaithe a suíodh an costas monaraíochta neamhshaofa, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta i bhfeidhm, mar a shonraítear in aithris (255).

(275) Chuir an Coimisiún costais SGA 18,5 % agus brabús 10,8 % leis ansin, mar a mhínítear in aithris (271).

3.3.15.1. An praghas onnmhairiúcháin

(276) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas, bíodh sin go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha agus/nó trí chuideachtaí comhlachaithe ag gníomhú mar allmhaireoir.

(277) Má onnmhairíonn na táirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(278) Má onnmhairíonn na táirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus de réir na mbrabús a fabhraíodh.

(279) In éagmais comhoibriú ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe, bhraith an Coimisiún ar an mbrabús a suíodh le linn an imscrúdaithe bunaidh d'allmhaireoir neamhchomhlachaithe, is é sin 6,7 %.

3.3.15.2. Comparáid

(280) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa arna shuí i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomparáid, in aghaidh chineál an táirge, le praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a sampláladh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha mar a shuitear thuas.

(281) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir difríochtaí a imríonn tionchar ar phraghsanna agus ar inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe ar chostais lasta san Aontas, ar dhleachtanna custaim, ar lascainí cainníochta ar chostais chreidmheasa agus ar mhuirir bhainc.

3.3.15.3. Corrlaigh dhumpála

(282) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú lena gcumhdaítear na hidirbhearta onnmhairiúcháin uile, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(283) Ar an mbonn sin, bhí na meánchorrlaigh dumpála ualaithe, arna sloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, sa raon idir thart ar 7 % agus thart ar 22 % le haghaidh na dtáirgeoirí comhoibríocha sampláilte. Is é an chonclúid ar thángthas air dá bhrí sin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL

(284) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

(285) Rinneadh anailís ar na heilimintí breise a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín; an gaol idir praghsanna onnmhairí chuig tríú tíortha agus an leibhéal praghsanna san Aontas agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

4.1. Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín

(286) In éagmais comhoibrithe, shuigh an Coimisiún acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarraidh ar an athbhreithniú éaga.

(287) De réir na sonraí a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh, thuairiscigh CRIA aschur táirgeachta 122.39 milliún bonn in 2021, le haghaidh acmhainneacht táirgeachta mheasta 141.76 milliún bonn sa bhliain chéanna, rud a léiríonn méadú 2.72 milliún bonn a táirgeadh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bheadh na rátaí úsáide acmhainneachta a dhíorthaítear ó na figiúirí sin cothrom le thart ar 86 %. In 2022, cuireadh 1,5 milliún aonad ar a laghad d'acmhainneachtaí táirgeachta bonn breise leis cheana féin, mar a thuairiscigh CRIA. Fágann sé sin go bhfuil acmhainneacht táirgeachta iomlán na mbonn cothrom le thart ar 143.25 milliún aonad do 2022. Dá nglacfaí leis na rátaí úsáide acmhainne céanna agus a bhí ann don bhliain 2021, bheadh aschur thart ar 123,67 milliún bonn táirgthe mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, is ionann an acmhainneacht neamhúsáidte atá ar fáil sa tSín in 2022 agus beagnach 20 milliún aonad, atá beagnach coibhéiseach leis an tomhaltas iomlán ar mhargadh an Aontais ([117]).

(288) Lean táirgeoirí na Síne, i gcomhréir le beartais thionsclaíocha Rialtas na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne a leagtar amach thuas, dá n-acmhainneachtaí táirgeachta atá rófhorbartha cheana féin a mhéadú ó bhí an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh ann. Baineadh de thátal as imscrúduithe cosanta trádála eachtraí a rinneadh le déanaí a thábhachtaí atá an acmhainneacht táirgeachta atá ann cheana sa tSín. Le himscrúdú frithdhumpála na Brasaíle a foilsíodh i mí na Bealtaine 2021, leagadh béim cheana féin ar acmhainneachtaí táirgeachta suntasacha a bheith ann, le fianaise ar roinnt infheistíochtaí in acmhainneachtaí táirgeachta ag na cuideachtaí is mó, a bheadh in ann tomhaltas na Brasaíle a shárú ([118]). Le himscrúdú frithdhumpála na hAfraice Theas a foilsíodh i mí Lúnasa 2022, measadh freisin acmhainneachtaí táirgeachta suntasacha tháirgeoirí na Síne a bheadh in ann a dtáirgeacht a mhéadú le haghaidh éileamh onnmhairiúcháin ([119]).

4.2. Tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig margaí tríú tíortha

(289) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu an dócha nó nach dócha go leanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne de dhíolacháin onnmhairiúcháin ag praghsanna dumpáilte ar mhargadh an Aontais i gcás ina gceadófaí do na bearta dul as feidhm. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún anailís ar leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig margaí tríú tíortha agus chuir sé i gcomparáid iad le leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig margadh an Aontais, chun a chinneadh an raibh margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh leibhéil praghsanna de.

([117]) Faisnéis a fhoilsítear ar shuíomhanna gréasáin éagsúla lena n-áirítear https://finance.yahoo.com/news/synthetic-rubber-market-growth-trends-133000080.html nó: https://tracanada.ca/actualit%C3%A9s-industrie/china-tire-industry-still-recovering-from-covid-lockdowns/?lang=fr.

([118]) (camex.gov.br) RESOLUÇÃO GECEX Nº 198, DE 3 DE MAIO DE 2021 - RESOLUÇÃO GECEX Nº 198, DE 3 DE MAIO DE 2021 - DOU - Imprensa Nacional (in.gov.br)

([119]) 20220912111726_Report-700.pdf (itac.org.za)

(290) Scrúdaigh an Coimisiún leibhéal na bpraghsanna le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus chinn sé i gcás idirbhearta inchomparáide (i.e. sonrasc tráchtála a socraíodh ar théarmaí idirnáisiúnta tráchtála SAB) gurbh ionann praghas aonaid na mbonn trucaile a onnmhairíodh chuig tríú tíortha agus thart ar 80 % dá bpraghas aonaid san Aontas. Thairis sin, léiríodh tarraingteacht mhargadh an Aontais toisc, d'ainneoin na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm, gur fhan méideanna onnmhairí na Síne chuig an Aontas ag thart ar 30 % de mhéid na n-allmhairí le linn an imscrúdaithe tosaigh.

(291) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur mhargadh tarraingteach a bhí i margadh an Aontais do tháirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha bonn trucailí i dtéarmaí a phraghsanna agus a mhéid araon.

4.3. **Cumas ionsúcháin féideartha margaí tríú tíortha**

(292) I dteannta an mhéid thuas, chinn an Coimisiún go bhfuil bearta cosanta trádála maidir le honnmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tSín i bhfeidhm san Airméin, sa Bhotsuáin, sa Bhrasaíl, san Éigipt, in Eswatini, sa Chasacstáin, i bPoblacht na Cirgise, i Leosóta, sa Namaib, i gCónaidhm na Rúise, san Afraic Theas, sa Tuirc, sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá ([120]). Mar thoradh air sin, níl na margaí tríú tíortha sin, ar tomhaltóirí suntasacha bonn trucailí iad, chomh tarraingteach céanna do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Is gné bhreise é sin a thacaíonn leis an toradh gur i margadh an Aontais ba dhóichí a thiocfadh deireadh le hacmhainneacht táirgeachta reatha na Síne, dá ndéanfaí bearta a aisghairm.

4.3.1. *Conclúid*

(293) Léiríodh leis an imscrúdú go raibh na hallmhairí ón tSín fós ag teacht isteach i margadh an Aontais i méideanna arda (i gcomparáid le méid an mhargaidh) ar phraghsanna dumpáilte le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe.

(294) Ina theannta sin, bhí an acmhainneacht bhreise sa tSín suntasach i gcomparáid le tomhaltas an Aontais (aithris 301) le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe. Thairis sin, léirigh tarraingteacht mhargadh an Aontais ó thaobh méid agus praghsanna de gur dócha go mbeadh onnmhairí na Síne dírithe ar mhargadh an Aontais, dá rachadh na bearta in éag, agus go n-úsáidfí an acmhainneacht bhreise freisin chun táirgeacht agus onnmhairí chuig an Aontas a mhéadú.

(295) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dhócha go rachadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte an táirge faoi athbhreithniú ón tSín chuig an Aontas mar gheall ar an acmhainneacht bhreise mhór sa tSín agus leibhéal praghsanna mhargadh an Aontais i gcomparáid le cinn scríbe onnmhairiúcháin eile, dá rachadh na bearta frithdhumpála in éag.

(296) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfaí den dumpáil mar thoradh ar dhul in éag na mbeart frithdhumpála.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(297) Rinne níos mó ná 400 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(298) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse an imscrúdúcháin athbhreithnithe ag thart ar 18 milliún bonn. Shuigh an Coimisiún figiúr táirgeachta iomlán an Aontais ar bhonn na faisnéise a sholáthair European Tyre & Rubber Manufacturers Association ('ETRMA'), an t-iarratasóir agus staidreamh Eurostat.Mar a léirítear in aithris (27), is ionann cúig tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla deiridh agus níos mó ná 25 % de tháirgeacht agus de dhíolacháin an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil. Dá bhrí sin, scrúdaíodh na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí a fuarthas ó fhreagraí na gcúig tháirgeoir sin de chuid an Aontais.

([120]) Bunaithe ar fhaisnéis Thairseach Sonraí Leigheasanna Trádála EDT, le fáil ag: https://trade-remedies.wto.org/en, agus Thairseach Fógra Frithdhumpála EDT, le fáil ag: https://ad-notification.wto.org/

(299) Fuarthas amach go ndearna cuid de na táirgeoirí sampláilte an táirge lena mbaineann a allmhairiú agus a athdhíol ar mhargadh an Aontais ón tSín. Mar sin féin, i gcomparáid lena ndíolacháin fhoriomlána, tá na hallmhairí fós imeallach (níos lú ná 1 % dá ndíolacháin fhoriomlána) agus ní dhéanann siad difear dá gcáilíocht mar tháirgeoirí de chuid an Aontais.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(300) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn na faisnéise a sholáthair ETRMA agus Eurostat.

(301) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (in ítimí)

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais (in ítimí)	18 264 516	21 646 928	22 568 607	20 325 009
Innéacs	*100*	*119*	*124*	*111*

Foinse: ETRMA, Cóiméad Eurostat

(302) Tháinig méadú 11 % ar thomhaltas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí méadú suntasach ann ó 2020 go 2022. Is dócha go mbeidh sé sin nasctha leis an téarnamh ó ghéarchéim Covid agus is é an míniú atá air go bhfuil dlúthnasc idir tomhaltas bonn agus ciliméadair arna dtaisteal ag na cabhlaigh, rud atá ag brath go mór, dá réir sin, ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch fhoriomlán agus go háirithe ar mhéid na n-earraí a iompraítear de bhóthar. Shroich an méadú ar thomhaltas a bhuaicphointe in 2022 agus mhoilligh sé le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

5.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(303) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais i dTábla 1.

(304) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

méid na n-allmhairí (in ítimí) agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (líon ítimí)	900 897	966 311	1 112 883	1 095 084
Innéacs	*100*	*107*	*124*	*122*
Sciar den mhargadh	4,9 %	4,5 %	4,9 %	5,4 %
Innéacs	*100*	*91*	*100*	*109*

Foinse: ETRMA, Eurostat Comext

(305) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Tá an sciar den mhargadh atá ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais le fáil i dTábla 3.

(306) Tháinig méadú 22 % ar mhéideanna allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó thart ar 900 míle bonn in 2020 go dtí thart ar 1.1 milliún bonn le linn na tréimhse imscrúdaithe. Bhí an méadú ar allmhairí ón tSín an-suntasach in 2022 nuair a chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh na bearta bunaidh ar neamhní go páirteach mar a shonraítear in aithris (4). D'fhan méideanna na n-allmhairí ar an leibhéal céanna freisin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe d'ainneoin an laghdaithe ar an éileamh. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí Síneacha ó 4,9 % go 5,4 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(307) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(308) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/ítim)

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Daon-Phoblacht na Síne	136	156	208	218
Innéacs	*100*	*115*	*153*	*161*

Foinse: Eurostat Comext, ní raibh dleacht frithdhumpála seachas dleacht frithchúitimh san áireamh

(309) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 61 % ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin na Síne isteach san Aontas (gach leibhéal).

(310) Ós rud é gur onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte boinn Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den chuid is mó, ní raibh faisnéis mhionsonraithe ag an gCoimisiún faoi onnmhairí Síneacha ar Leibhéal 3, i gcás inar tharla an díobháil phríomhúil le linn an imscrúdaithe bunaidh, rud a d'fhág go raibh éifeacht chascáide droim ar ais sa dá leibhéal eile.

(311) Ar an gcúis sin, rinne an Coimisiún meastachán ar an sladghearradh praghais le haghaidh iomlán na n-allmhairí ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin.

(312) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún comparáid idir na nithe seo a leanas:

— meánphraghas díola ualaithe in aghaidh píosa na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

— meánphraghas allmhairiúcháin na Síne i dtír ar allmhairí Síneacha bunaithe ar staitisticí allmhairiúcháin, lena n-áirítear na dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh, dleachtanna custaim agus costais allmhairiúcháin.

(313) Léiríodh sa chomparáid sin go raibh meánphraghas allmhairiúcháin tagtha i dtír na Síne (EUR 270/ítim) faoi bhun mheánphraghas díola thionscal an Aontais (EUR 281/ítim) agus nach raibh sé ach beagáinín os cionn mheánchostas táirgthe thionscal an Aontais (EUR 260/ítim). Dá suífí an praghas tagtha i dtír gan na dleachtanna frithdhumpála, bheadh sé cothrom le EUR 254/ítim, rud a dhéanfadh sladghearradh suntasach ar mheánphraghas díola thionscal an Aontais agus a bheadh faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais freisin.

(314) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin, ar an iomlán, go raibh praghsanna allmhairí Síneacha níos ísle ná meánphraghas díola thionscal an Aontais.

(315) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hankook gur athraigh an Coimisiún a mhodheolaíocht ríofa sladghearrtha go mícheart i gcomparáid leis an imscrúdú bunaidh. Mhaígh Hankook gur cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar bhonn cineál ar chineál nó ar bhonn leibhéal ar leibhéal seachas meastachán a dhéanamh ar an sladghearradh praghais maidir le hiomlán na n-allmhairí ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin. Sa leagan íogair dá aighneacht, chuir Hankook sonraí ar aghaidh freisin maidir lena mhéideanna agus a phraghsanna onnmhairiúcháin agus mhaígh sé go bhféadfadh an Coimisiún, trí úsáid a bhaint as na sonraí sin, na praghsanna allmhairiúcháin a asbhaint le haghaidh gach leibhéil agus gurbh fhéidir leis anailís sladghearrtha de réir leibhéil a dhéanamh.

(316) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis na maímh sin. Ar an gcéad dul síos, mar gheall ar neamh-chomhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a oibríonn i leibhéal 3 agus mar a luaitear in aithris (310), ní raibh faisnéis mhionsonraithe ag an gCoimisiún faoi onnmhairí na Síne, go háirithe i leibhéal 3, agus ní raibh sé in ann anailís sladghearrtha de réir an leibhéil a dhéanamh. Dá bhrí sin, tháinig athrú ar na sonraí bunúsacha a bhí ar fáil don Choimisiún. Ar an dara dul síos, níor leor na sonraí a chuir Hankook ar aghaidh maidir lena mhéideanna agus lena phraghsanna onnmhairiúcháin féin chun aon anailís sladghearrtha eile a dhéanamh. Fiú de réir na sonraí sin, is ann fós d'oibreoirí eile i leibhéal 1, i leibhéal 2 agus i leibhéal 3 nach bhfuil aon fhaisnéis mhionsonraithe ar fáil ina leith agus, murab ionann agus an méid a mhaíonn Hankook, ní leor na sonraí sin chun aon fhaisnéis bhreise a thabhairt faoin sladghearradh de réir na leibhéal ná chun aon cheann de thorthaí na hanailíse ar shladghearradh a rinne an Coimisiún a chur ó bhailíocht. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin.

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha nach an tSín iad**

(317) Is ón Téalainn, ón Tuirc agus ó Vítneam den chuid is mó a allmhairíodh boinn ó thríú tíortha seachas an tSín.

(318) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí isteach san Aontas agus ar an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna i gcás allmhairí bonn ó thríú tíortha eile:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
an Téalainn	Méid (ítimí)	960 744	984 929	1 533 961	1 816 634
	Innéacs	*100*	*103*	*160*	*189*
	Sciar den mhargadh	5,3 %	4,5%	6,8%	8,9%
	Meánphraghas (EUR/mír)	157	175	200	163
	Innéacs	*100*	*111*	*128*	*104*
an Tuirc	Méid (ítimí)	1 105 850	1 487 639	1 773 851	1 696 256
	Innéacs	*100*	*135*	*160*	*153*
	Sciar den mhargadh	6,1 %	6,9%	7,9%	8,3 %
	Meánphraghas (EUR/mír)	178	176	213	239
	Innéacs	*100*	*99*	*120*	*134*
Vítneam	Méid (ítimí)	477 928	541 921	957 806	964 077
	Innéacs	*100*	*113*	*200*	*202*
	Sciar den mhargadh	2,6%	2,5%	4,2%	4,7%
	Meánphraghas (EUR/mír)	155	178	207	193
	Innéacs	*100*	*115*	*134*	*125*
Tríú tíortha eile	Méid (ítimí)	2 287 192	2 898 840	2 849 801	2 340 028
	Innéacs	*100*	*127*	*125*	*102*
	Sciar den mhargadh	12,5%	13,4 %	12,6%	11,5%
	Meánphraghas (EUR/mír)	185	195	222	245
	Innéacs	*100*	*105*	*120*	*132*

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (ítimí)	4 831 594	5 913 076	7 115 419	6 816 995
	Innéacs	*100*	*122*	*147*	*141*
	Sciar den mhargadh	26,5%	27,3 %	31,5%	33,5%
	Meánphraghas (EUR/mír)	175	185	213	214
	Innéacs	*100*	*106*	*122*	*122*

Foinse: Eurostat Comext

(319) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú thart ar 2 mhilliún ítim ar allmhairí ó thríú tíortha eile, i.e. méadú 41 %. Tá sé sin níos tapúla ná dul chun cinn thomhaltas an Aontais agus tháinig méadú ar an sciar den mhargadh ó 26.5 % go 33.5 % mar thoradh air.

(320) Tharla an príomh-mhéadú ó allmhairí ón Téalainn (856 mhíle ítim), ón Tuirc (590 míle ítim) agus ó Vítneam (486 mhíle ítim). I gcás tríú tíortha eile, ní raibh sa mhéadú ach méadú measartha (53 mhíle ítim).

(321) Bhí leibhéal praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha eile, go háirithe ón Téalainn agus ó Vítneam, go mór faoi bhun phraghsanna díola thionscal an Aontais.

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(322) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(323) Mar a luaitear in aithrisí (15) go (17), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(324) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí san iarraidh ar athbhreithniú, i staitisticí Eurostat agus in aighneachtaí ó ETRMA. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(325) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(326) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

(327) Rinneadh anailís san imscrúdú bunaidh ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais ar bhonn comhiomlánaithe agus, i dtáscairí micreacnamaíocha áirithe, ar leibhéal na leibhéal i bhfianaise dheighilt mhargadh an Aontais freisin. San imscrúdú reatha, rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais ar bhonn comhiomlánaithe.

(328) Rinne an Coimisiún anailís freisin ar tháscairí áirithe ar leibhéal na leibhéal. Mar a léirítear in aithrisí (370) go (377), deimhnítear leis an anailís sin go gcomhfhreagraíonn na treochtaí don táirge lena mbaineann a bhreithnítear ina iomláine go ginearálta do na treochtaí do na leibhéil a bhreithnítear ar leithligh.

(329) San imscrúdú bunaidh, rinne an Coimisiún torthaí tháirgeoirí sampláilte an Aontais a ualú i gcomhréir lena sciar de dhíolacháin iomlána an Aontais de tháirgeoirí an Aontais chun a áirithiú go ndearnadh ionadaíocht ar na FBManna de réir a sciar de dhíolacháin iomlána an Aontais i ngach micreatháscaire. Ós rud é nach bhfuil FBManna gníomhach ach i ndeighleog leibhéal 3, bhí mar iarmhairt dhíreach ag an gcoigeartú sin an sciar de dhíolacháin leibhéal 3 laistigh den tacar sonraí de thionscnamh tháirgeoirí sampláilte an Aontais a mhéadú.

(330) San imscrúdú seo, mheas an Coimisiún nach raibh gá leis an ualú bunaidh chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar staid thionscal an Aontais i gcomhthéacs an athbhreithnithe éaga. Go deimhin, fuarthas amach san imscrúdú go raibh an pictiúr díobhála a bhaineann leis na FBManna nach raibh ag feidhmiú ach i Leibhéal 3 níos measa fós ná an pictiúr díobhála a bhain le Leibhéal 3 ar an iomlán. Thairis sin, fuair an Coimisiún, fiú gan sonraí na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a ualú, go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais i ngach leibhéal (féach aithrisí (370) go (377)). Dá bhrí sin, go loighciúil, ní mhéadódh aon ualú ach na treochtaí diúltacha a fheictear faoi láthair sa phictiúr foriomlán díobhála.

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(331) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An méid táirgeachta (in ítimí)	18 323 204	21 701 759	20 380 261	18 047 419
Innéacs	*100*	*118*	*111*	*98*
Acmhainneacht táirgeachta (in ítimí)	22 867 574	24 008 277	24 237 586	21 907 693
Innéacs	*100*	*105*	*106*	*96*
Úsáid acmhainneachta	80 %	90 %	84 %	82%
Innéacs	*100*	*113*	*105*	*103*

Foinse: ETRMA, Eurostat Comext agus faisnéis arna soláthar ag an iarratasóir

(332) Mar aon le fás an mhargaidh agus na ndíolachán i margadh an Aontais, tháinig méadú ar na méideanna táirgeachta ó 2020 go 2021. Ina dhiaidh sin, tháinig laghdú ar an táirgeacht in 2022 agus tháinig laghdú breise fós uirthi le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí an laghdú ar na méideanna táirgeachta inchurtha i leith na méideanna díolachán laghdaithe, rud a bhí nasctha leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais agus a raibh caillteanas sciar den mhargadh thionscal an Aontais mar thoradh air. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'fhill méideanna táirgeachta thionscal an Aontais ar an leibhéal céanna agus a bhí in 2020. Bhí tionscal an Aontais in ann, áfach, a acmhainneacht a oiriúnú do na hathruithe ar mhéideanna táirgeachta, rud a mhaolaigh luaineachtaí an ráta úsáide acmhainneachta – ar tháinig feabhas beag (faoi 3 %) fiú air le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

5.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(333) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (in ítimí)	12 531 905	14 767 288	14 338 944	12 412 930
Innéacs	*100*	*118*	*114*	*99*
Sciar den mhargadh	69%	68%	64 %	61 %
Innéacs	*100*	*99*	*93*	*89*

Foinse: ETRMA, Eurostat Comext

(334) Sa mhargadh atá ag fás, tháinig méadú ar mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais ó 2020 go 2021. Le linn 2022, tháinig laghdú ar mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais d'ainneoin fhás an mhargaidh agus tháinig laghdú breise orthu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'fhill méideanna díolachán thionscal an Aontais ar an leibhéal céanna le 2020. Ós rud é go raibh díolacháin thionscal an Aontais chun deiridh ar an méadú ar an margadh in 2022 agus gur tháinig meath orthu níos tapúla ná an margadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, thit an sciar den mhargadh ó 69 % go 61 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(335) Ina bharúlacha maidir le tionscnamh mhaígh Grúpa Hankook gur fhan díolacháin thionscal an Aontais chomh maith lena sciar den mhargadh cobhsaí go bunúsach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go bhféadfaí an laghdú beag ó 2022 go tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a mhíniú leis an laghdú ar thomhaltas.

(336) Ní thacaíonn torthaí an imscrúdaithe leis an maíomh sin. Cé go raibh díolacháin thionscal an Aontais ar an leibhéal céanna le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020, bhí laghdú tábhachtach (13 %) ann ó 2022 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Chomh maith leis sin, tháinig laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh ó 69 % go 61 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(337) Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

5.5.2.3. Fás

(338) Tháinig méadú ar thomhaltas an Aontais den chéad uair ó 2020 go 2022 i gcomhréir leis an méadú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch tar éis COVID. Tháinig an méadú is mó ar thomhaltas in 2022 agus tháinig moill air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a d'fhág gur tháinig méadú foriomlán 11 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ní fhéadfadh díolacháin thionscal an Aontais treocht dhearfach an mhargaidh a leanúint ach amháin le linn 2021. In 2022, níor tháinig méadú ar dhíolacháin thionscal an Aontais ar an luas céanna leis an margadh agus tháinig meath níos tapúla orthu ná mar a tháinig ar an margadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú 8 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh (ó 69 % go 61 %) le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(339) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An líon fostaithe	21 148	21 614	20 291	18 425
Innéacs	*100*	*102*	*96*	*87*

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Táirgiúlacht (aonad/fostaí)	866	1 004	1 004	979
Innéacs	*100*	*116*	*116*	*113*

Foinse: ETRMA agus faisnéis arna soláthar ag an iarratasóir

(340) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chaill tionscal an Aontais breis agus 2 700 post díreach. Nuair a tháinig méadú ar mhéideanna táirgeachta thionscal an Aontais ó 2020 go 2021, tháinig méadú ar an bhfostaíocht freisin. Mar sin féin, ós rud é go raibh tionscal an Aontais in ann a tháirgiúlacht a fheabhsú freisin, níor tháinig méadú ar an bhfostaíocht ag an ráta céanna leis na méideanna táirgeachta. Mar thoradh ar na méideanna táirgeachta a bhí ag titim ó 2021 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig laghdú ar phoist agus cailleadh roinnt táirgiúlachta freisin.

5.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(341) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí na corrlaigh dumpála aonair a fuarthas le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha fós suntasach (féach aithris (283) thuas).

(342) Mar sin féin, d'ainneoin go raibh dumpáil fós ann ón tSín, léiríonn an anailís ar na táscairí díobhála go raibh tionchar dearfach ag na bearta atá i bhfeidhm ar thionscal an Aontais ag tús na tréimhse faoi bhreathnú. D'aisiompaigh an staid dhearfach sin, áfach, in 2022 nuair a chuaigh staid thionscal an Aontais in olcas arís.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(343) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/mír)

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (gach leibhéal)	224	241	274	281
Innéacs	*100*	*107*	*122*	*125*
Costas aonaid na táirgeachta	186	193	249	260
Innéacs	*100*	*104*	*134*	*140*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(344) Tháinig méadú 25 % ar phraghsanna díola bonn le custaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ó 2020 go 2021 tharla an méadú ar phraghsanna ag an am céanna le méadú ar an éileamh. Sa chás sin, bhí tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a mhéadú níos mó (7 %) ná mar a tháinig méadú (4 %) ar chostas an táirgthe.

(345) Tháinig athrú ar an staid fhabhrach sin in 2022, agus ina dhiaidh sin ní raibh tionscal an Aontais in ann na méaduithe ar chostais a chur ar aghaidh chuig a phraghsanna díola. Cé gur tháinig méadú 18 bpointe céatadáin ar na praghsanna díola idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor leor na méaduithe sin ar phraghsanna chun an méadú ar an gcostas táirgthe a chúiteamh.

(346) Ar an iomlán, tháinig méadú 40 % ar chostas an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an méadú ba shuntasaí ó 2021 go 2022 nuair a tháinig méadú 30 % ar an gcostas táirgthe.

(347) Rinneadh anailís freisin ar na príomhtháscairí díobhála le haghaidh na dtrí leibhéal.

(348) Ar leibhéal 1, tháinig méadú EUR 55 ar an meánphraghas díola aonaid agus tháinig méadú EUR 75 ar chostais aonaid le linn na tréimhse céanna. Tháinig méadú 24 % ar an meánphraghas díola agus tháinig méadú 39 % ar chostas an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 10

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/ítim) — Leibhéal 1

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	235	250	283	290
Innéacs	*100*	*106*	*120*	*124*
Costas aonaid na táirgeachta	191	196	256	266
Innéacs	*100*	*102*	*134*	*139*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(349) Ar leibhéal 2, tháinig méadú EUR 60 ar an meánphraghas díola aonaid agus tháinig méadú EUR 68 ar chostais aonaid le linn na tréimhse céanna. Tháinig méadú 29 % ar an meánphraghas díola agus tháinig méadú 39 % ar an gcostas táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 11

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/ítim) — Leibhéal 2

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	205	224	258	265
Innéacs	*100*	*109*	*126*	*129*
Costas aonaid na táirgeachta	173	184	228	241
Innéacs	*100*	*106*	*132*	*139*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(350) Ar leibhéal 3, tháinig méadú EUR 40 ar an meánphraghas díola aonaid agus tháinig méadú EUR 58 ar chostais aonaid le linn na tréimhse céanna. Tháinig méadú 24 % ar an meánphraghas díola agus tháinig méadú 34 % ar chostas an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 12

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/ítim) — Leibhéal 3

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	170	176	206	210
Innéacs	*100*	*104*	*121*	*124*
Costas aonaid na táirgeachta	171	187	223	229
Innéacs	*100*	*109*	*130*	*134*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

5.5.3.2. Costais saothair

(351) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	50 250	54 950	64 650	64 862
Innéacs	*100*	*109*	*129*	*129*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(352) Tháinig méadú 9 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí ó 2020 go 2021 agus ansin tháinig méadú 20 % air ó 2021 go 2022, agus d'fhan sé ar an leibhéal céanna le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.3.3. Fardail

(353) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 14

Fardail

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Stoic dheiridh (Innéacs 2020=100)	*100*	*123*	*130*	*155*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	14 %	15%	16%	21%
Innéacs	*100*	*102*	*110*	*143*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(354) I gcomparáid leis an táirgeadh, d'fhan an stoc deiridh ar an leibhéal céanna ó 2020 go 2022 (is é sin 14 % – 16 % den mhéid táirgeachta). Breathnaíodh méadú (go 21 % den mhéid táirgeachta) nuair a cuireadh an stoc deiridh ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin (an 30 Meitheamh 2023) i gcomparáid le leibhéil stoic deireadh bliana in 2020 – 2022. Is í an tséasúracht is cúis leis an méadú sin den chuid is mó, áfach. Díoltar méideanna níos airde bonn sa dara leath den bhliain i gcomparáid leis an gcéad leath, ach níl an táirgeadh chomh séasúrach céanna. Mar gheall ar an séasúracht seo, is gnách go mbíonn na méideanna stoic níos airde ag deireadh mhí an Mheithimh i gcomparáid le deireadh mhí na Nollag. Dá bhrí sin, ní léiríonn an méadú dealraitheach ar leibhéil stoic le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe staid airgeadais tháirgeoirí an Aontais.

5.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(355) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 15

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	7,9%	13,4 %	1,8%	1,3 %
Innéacs	*100*	*170*	*23*	*16*
Sreabhadh airgid (EUR)	95 814 284	29 530 055	- 57 192 051	- 94 989 994
Innéacs	*100*	*31*	*- 60*	*- 99*
Infheistíochtaí (EUR)	50 269 926	48 233 290	56 308 570	66 447 814
Innéacs	*100*	*96*	*112*	*132*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	– 2,1%	3,9%	– 15,2 %	– 16,3 %
Innéacs	*- 100*	*182*	*- 712*	*- 763*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(356) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(357) Tháinig feabhas ar an mbrabúsacht fhoriomlán den chéad uair ó 2020 go 2021 nuair a tháinig méadú ar an éileamh ar bhoinn tar éis téarnamh an iompair de bhóthar ó ghéarchéim Covid agus nuair nár tháinig méadú foriomlán ar allmhairí go dtí an méid céanna agus a tháinig ina dhiaidh sin. Mar a mhínítear in aithris (344), bhí tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a mhéadú in 2021 níos mó ná an méadú ar an gcostas táirgthe, rud a chuir le corrlaigh bhrabúis mhéadaithe ó 7.9 % go 13.4 %.

(358) Tháinig athrú ar an staid in 2022, nuair nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir leis na méaduithe ar chostais. Mar thoradh air sin, thit brabúsacht thionscal an Aontais go leibhéil ísle (1.8 % in 2022 agus 1.3 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(359) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí an treocht maidir le glansreabhadh airgid ag laghdú le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Bhí tionchar ag dhá phríomhfhachtóir air. Ar thaobh amháin, rannchuidigh brabúsacht fhoriomlán thionscal an Aontais go dearfach leis an sreabhadh airgid ag tús na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an ranníocaíocht sin ídithe go praiticiúil tar éis an laghdaithe ar bhrabúsacht in 2022. Ar an taobh eile, d'ionsúigh an méadú ar mhéideanna táirgeachta agus leibhéil na stoc deiridh caipiteal oibre agus, dá bhrí sin, bhí tionchar diúltach aige ar shreabhadh airgid ó 2021 ar aghaidh. Ar an iomlán, tháinig laghdú ar an sreabhadh airgid ó EUR 96 mhilliún dearfach go EUR 95 mhilliún diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(360) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú ar infheistíochtaí ó EUR 50 milliún go EUR 66 mhilliún, i.e. méadú 32 %. Ar an iomlán, d'fhan a leibhéal faoi bhun 10 % den láimhdeachas iomlán le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

(361) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Mhéadaigh sé ar dtús ó – 2,1 % go 3,9 % ó 2020 go 2021, i gcomhréir leis an mbrabúsacht fheabhsaithe. Ina dhiaidh sin, nuair a tháinig meath ar bhrabúsacht fhoriomlán thionscal an Aontais, tháinig laghdú ar thoradh na n-infheistíochtaí go – 15,2 % in 2022 agus – 16,3 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(362) Tá tionscal an Aontais ilroinnte idir grúpaí móra cuideachtaí ilnáisiúnta agus os cionn 400 FBM ar fud an Aontais agus tá sé ilchineálach maidir lena gcumas caipiteal a thiomsú.

(363) Rinneadh anailís ar leithligh ar an modheolaíocht chéanna a shonraítear maidir le brabúsacht sna trí leibhéal.

(364) Bhí forbairt na brabúsachta ar leibhéal 1 le linn na tréimhse faoi bhreathnú cosúil le luaineacht bhrabúsacht thionscal an Aontais ina iomláine. Tháinig feabhas air ar dtús ó 2020 go 2021 agus ansin thit sé go leibhéil ísle (1.9 % in 2022 agus 1.3 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(365) Ar Leibhéal 1, tháinig laghdú ar an nglansreabhadh airgid ó EUR 85 mhilliún deimhneach go EUR 56 mhilliún diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mhéadaigh toradh na hinfheistíochta ar dtús ó 1,1 % go 7,6 % agus ansin laghdaigh sé go – 14,0 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

Tábla 16

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí – Leibhéal 1

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	9,4 %	15,2 %	1,9%	1,3 %
Innéacs	*100*	*162*	*20*	*14*
Sreabhadh airgid (EUR)	85 042 290	35 716 163	- 43 640 531	- 56 302 048
Innéacs	*100*	*42*	*- 51*	*- 66*
Infheistíochtaí (EUR)	38 607 861	38 181 656	45 748 927	53 222 683
Innéacs	*100*	*99*	*118*	*138*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	1,1%	7,6%	– 13,6%	– 14,0 %
Innéacs	*100*	*677*	*- 1 213*	*- 1 252*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(366) Tháinig feabhas ar fhorbairt na brabúsachta ar leibhéal 2 le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar dtús ó 2020 go 2021, agus ansin thit sé go 3.5 % in 2022 agus ina dhiaidh sin go 2.5 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(367) Ar leibhéal 2, tháinig laghdú ar an nglansreabhadh airgid ó EUR 5.5 milliún dearfach go EUR 34.5 milliún diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú ar an toradh ar infheistíocht ó 15,8 % in 2020 go – 28,0 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

Tábla 17

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí – Leibhéal 2

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	4,6%	9,3 %	3,5%	2,5%
Innéacs	*100*	*203*	*76*	*55*
Sreabhadh airgid (EUR)	5 482 431	- 2 889 233	- 13 209 945	- 34 464 853
Innéacs	*100*	*- 53*	*- 241*	*- 629*
Infheistíochtaí (EUR)	9 439 555	9 080 411	9 167 506	11 950 064
Innéacs	*100*	*96*	*97*	*127*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	– 15,8%	– 14,3 %	– 22,5%	– 28,0 %
Innéacs	*- 100*	*- 91*	*- 143*	*- 178*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(368) Bhí Leibhéal 3 neamhbhrabúsach le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú chuaigh an staid in olcas agus tháinig laghdú ar an mbrabúsacht dhiúltach – 1,6 % in 2020 go – 3,5 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí an staid níos measa fós do FBManna a oibríonn i leibhéal 3 a raibh a gcuid brabúsachta idir 4,6 % agus – 7,0 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an 'feabhsú' beag idir 2022 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe rath teoranta iarrachtaí an tionscail dul in oiriúint don staid dheacair.

(369) Ar leibhéal 3, tháinig laghdú ar an nglansreabhadh airgid ó EUR 5.3 milliún deimhneach go EUR 4.2 milliún diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí toradh diúltach ar infheistíocht le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, ag laghdú ó – 5,9 % go – 20,0 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 18

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí – Leibhéal 3

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	– 1,6%	– 1,5%	– 6,1%	– 3,5%

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Innéacs	*- 100*	*- 92*	*- 374*	*- 212*
Sreabhadh airgid (EUR)	5 289 563	- 3 296 875	- 341 574	- 4 223 093
Innéacs	*100*	*- 62*	*- 6*	*- 80*
Infheistíochtaí (EUR)	2 222 510	971 223	1 392 137	1 275 067
Innéacs	*100*	*44*	*63*	*57*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	– 5,9%	– 10,8%	– 35,4 %	– 20,0 %
Innéacs	*100*	*17*	*- 401*	*- 139*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

5.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(370) Suíodh san imscrúdú gur léirigh tionscal an Aontais ina iomláine téarnamh ó dhumpáil roimhe seo le linn 2021. Idir 2022 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí a mhalairt de théarnamh ann.

(371) Is léir é sin go háirithe i mbrabúsacht laghdaithe thionscal an Aontais, caillteanas sciar den mhargadh agus neamhábaltacht praghsanna a mhéadú i gcomhréir le costais atá ag ardú. Ina theannta sin, tháinig meath freisin ar tháscairí a bhaineann leis an mbrabúsacht, amhail sreabhadh airgid agus toradh infheistíochta. Tugadh é sin faoi deara go háirithe i measc tháirgeoirí leibhéal 3, atá neamhchosanta go háirithe ar bhrú praghsanna ó allmhairí ar phraghas íseal, rud a dhéanann dochar do na leibhéil níos airde tríd an éifeacht 'aischascáideach' ar a dtugtar tuairisc san imscrúdú bunaidh ([121]).

(372) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(1) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. **CÚISÍOCHT**

(373) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú chaill tionscal an Aontais a sciar den mhargadh d'allmhairí ó thíortha eile, go háirithe an Téalainn, Vítneam, an Tuirc agus an tSín freisin.

(374) Bhí meath ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais inchurtha go páirteach leis an méadú ar allmhairí Síneacha tar éis neamhniú páirteach na ndleachtanna frithdhumpála agus níos tábhachtaí fós mar gheall ar mhéadú ar allmhairí ó thíortha eile ar phraghsanna ísle. Mar gheall ar na hallmhairí ar phraghas níos ísle, tá sé deacair do thionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú agus a sciar den mhargadh i dtimpeallacht na gcostas méadaithe a choinneáil ar bun.

(375) Tar éis thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tháinig méadú suntasach ar phraghsanna ábhar ionchuir agus fuinnimh, rud a d'fhág gur tháinig méadú tapa ar an gcostas táirgthe. An tráth céanna, tháinig méadú ar mhéideanna allmhairí agus ó 2022 ní raibh tionscal an Aontais in ann na méaduithe costais a chur ar aghaidh chuig a phraghsanna díola. Cé gur tháinig méadú 18 % ar na praghsanna díola idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor leor na méaduithe sin ar phraghsanna chun an méadú ar chostas an táirgthe a chúiteamh.

([121]) Féach aithris (242) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163. IO L 263, 22.10.2018, lch. 3.

(376) Mar thoradh air sin, tugann an Coimisiún dá aire freisin go dtagann an staid dhíobhálach ina bhfaightear tionscal an Aontais tráth a tharla tosca eile amhail méaduithe suntasacha ar chostais agus méadú suntasach ar allmhairí ar phraghas íseal ó thíortha eile, go háirithe an Téalainn, Vítneam agus an Tuirc. Mar a léirítear in aithrisí (317) go (321) thuas, tháinig méadú suntasach ar na hallmhairí ón Téalainn agus ó Vítneam agus bhí a leibhéil praghsanna go mór faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais.

(377) Ar an gcúis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir na hallmhairí dumpáilte ón tSín leis an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe; mar sin féin, tosca eile, go háirithe an méadú ar chostais agus allmhairí ó thíortha eile, chaith siad amhras ar an ngaol idir na hallmhairí dumpáilte agus na héifeachtaí ar thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún measúnú breise a dhéanamh ar cé acu an dócha go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi má ligtear do na bearta dul in éag, nó nach dócha.

(378) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hankook nach allmhairí ón tSín is cúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Mhaígh Hankook nach ndéanann allmhairí na Síne sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais i leibhéal 3 ná i leibhéal 1. Chun tacú lena mhaíomh, chuir Hankook sonraí íogaire isteach maidir lena phraghsanna agus méideanna onnmhairiúcháin.

(379) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a luaitear in aithris (316), ní leor na sonraí a sholáthair Hankook chun aon anailís bhreise a dhéanamh ar shladghearradh ós rud é nach bhfuil faisnéis leordhóthanach iontu faoi oibreoirí eile atá gníomhach i leibhéil 1, 2 agus 3. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh na sonraí sin aon cheann de thorthaí na hanailíse sladghearrtha a rinne an Coimisiún a chur ó bhail. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil bunús an mhaímh sin, i.e. nach bhfuil aon sladghearradh ann i leibhéal 1 ná i leibhéal 3, mícheart, agus dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin.

(380) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hankook freisin nach allmhairí Síneacha ba chúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ach boinn a allmhairíodh ó thríú tíortha eile.

(381) Mar a luaitear in aithris (377), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir allmhairí dumpáilte ón tSín leis an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais ach go raibh tosca eile ann freisin, go háirithe an méadú ar chostais agus allmhairí ó thíortha eile, a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar an ngaol idir na hallmhairí dumpáilte agus na héifeachtaí ar thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach gcuireann an maíomh sin an chonclúid thuas ó bhail agus dá bhrí sin diúltaítear dó.

7. AN DÓCHÚLACHT GO nDÉANFAR AN DÍOBHÁIL AN ATHUAIR

(382) Rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar an dóchúlacht go ndéanfaí an díobháil an athuair mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín má ligtear do na bearta dul in éag.

(383) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar na gnéithe a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig margaí tríú tíortha agus an gaol idir praghsanna san Aontas agus sa tSín, acmhainneacht ionsúcháin fhéideartha margaí tríú tíortha, leibhéil praghsanna dóchúla allmhairí ón tSín in éagmais bearta frithdhumpála, agus a dtionchar ar thionscal an Aontais, lena n-áirítear leibhéal sladghearrtha agus díobhála agus méadú ar allmhairí ón tSín tar éis neamhniú sealadach na ndleachtanna frithdhumpála.

7.1. Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín

(384) Mar a leagtar amach in aithrisí (286) - (288) thuas, tá acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise shuntasach sa tSín chun onnmhairí chuig margadh an Aontais a mhéadú go pras i gcás ina ligfear do na bearta frithdhumpála dul in éag. Mar a shuitear in aithris (287), is ionann an acmhainneacht neamhúsáidte a bhí ar fáil sa tSín in 2022 agus beagnach 20 milliún aonad, beagnach coibhéiseach leis an tomhaltas iomlán ar mhargadh an Aontais.

7.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig margaí tríú tíortha**

(385) Mar a leagtar amach in aithrisí (289) - (291), is margadh tarraingteach é margadh an Aontais, arb é an dara margadh is mó ar domhan é i ndiaidh na Stát Aontaithe, ó thaobh a phraghsanna agus a mhéid araon. In 2023, bhí leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig an Aontas i bhfad níos airde i gcomparáid le meánphraghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig príomhchinn scríbe eile, lena n-áirítear Stáit Aontaithe Mheiriceá. Thairis sin, d'ainneoin na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm, d'fhan allmhairí ón tSín isteach san Aontas ag thart ar 30 % de mhéid na n-allmhairí le linn an imscrúdaithe tosaigh.

7.3. **Cumas ionsúcháin féideartha margaí tríú tíortha**

(386) Mar a leagtar amach in aithris (292) tá bearta cosanta trádála maidir le honnmhairiú an táirge chomhchosúil ón tSín i bhfeidhm i bhformhór na margaí tríú tír ar tomhaltóirí suntasacha bonn trucailí iad. Fágann sé sin nach bhfuil na margaí sin chomh tarraingteach céanna do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Is gné bhreise é sin a thacaíonn leis an toradh gur i margadh an Aontais ba dhóichí a thiocfadh deireadh le hacmhainneacht táirgeachta reatha na Síne, dá ndéanfaí bearta a aisghairm.

7.4. **Leibhéil praghsanna dhóchúla allmhairí ón tSín in éagmais bearta frithdhumpála, agus a dtionchar ar thionscal an Aontais, lena n-áirítear leibhéal an tsladghearrtha agus na díobhála.**

(387) Mar a léirítear i dTábla 4, b'ionann praghsanna allmhairiúcháin isteach san Aontas ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus EUR 218/ítim atá níos ísle go hábhartha ná meánphraghas díola thionscal an Aontais EUR 281/ítim a léirítear i dTábla 9, agus faoi bhun a gcostais táirgthe EUR 260/ítim freisin.

(388) Dá bhrí sin, is dócha, in éagmais dleachtanna frithdhumpála, go ndéanfadh allmhairí na Síne sladghearradh ábhartha ar phraghsanna an Aontais.

7.5. **Méadú ar allmhairí Síneacha tar éis na dleachtanna frithdhumpála a neamhniú go páirteach**

(389) Mar a léirítear i dTábla 3 agus mar a leagtar amach in aithris (306), bhí an méadú ar allmhairí ón tSín an-suntasach in 2022 nuair a chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh na bearta bunaidh ar neamhní go páirteach.

(390) Léiríonn sé sin go bhfuil suim fós ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i margadh an Aontais agus gur dócha go dtiocfadh méadú ar allmhairí arís, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

(391) Ina bharúlacha tráth an tionscnaimh, mhaígh Grúpa Hankook go léiríonn treochtaí allmhairiúcháin nach bhfuil aon bhagairt ann go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís. De réir Grúpa Hankook, ní fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag an sciar den mhargadh atá ag allmhairí na Síne faoi láthair ar thodhchaí thionscal an Aontais. Chomh maith leis sin, mhaígh an grúpa Hankook nach raibh acmhainneacht táirgeachta mhéadaithe na Síne tiomnaithe do mhargadh an Aontais ach do mhargaí eile.

(392) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Fiú más rud é, go pointe áirithe, go dtugann na dleachtanna atá ann faoi láthair cosaint éigin do thionscal an Aontais ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín, bhí allmhairí na Síne fós in ann a sciar den mhargadh a mhéadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise leibhéil praghsanna na Síne gan dleachtanna agus an acmhainneacht bhreise atá ar fáil sa tSín, is dócha go dtiocfadh méadú suntasach ar an sciar den mhargadh atá ag allmhairí na Síne dá ligfí do na bearta dul in éag. Chomh maith leis sin, ní raibh bunús leis an maíomh gur chuig margaí eile den chuid ba mhó a díríodh acmhainneacht mhéadaithe na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Fiú dá mbeadh sé ceart, measann an Coimisiún go bhfuil margadh an Aontais fós tarraingteach d'allmhairí na Síne.

(393) Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(394) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hankook nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an díobháil arís. Go háirithe, mhaígh Hankook nach féidir an méadú ar allmhairí in 2022 a nascadh le neamhniú páirteach na mbeart in 2022 agus nach léiriú é ar iompar tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Mhaígh Hankook freisin nach ndearnadh aon sladghearradh i leibhéal 3, go méadódh táirgeoirí na Síne a mbrabúis seachas a bpraghsanna a ísliú má ligtear do na bearta dul in éag agus, ós rud é nach raibh i margadh an Aontais ach 4 % de mhéid iomlán onnmhairiúcháin na Síne, nach féidir a mheas go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach.

(395) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis na maímh sin. Ar an gcéad dul síos, le neamhniú páirteach na mbeart ag an gCúirt Ghinearálta, cuireadh in iúl don mhargadh go bhféadfaí dleachtanna a chealú i bpáirt agus a aisíoc ina dhiaidh sin, rud a d'fhéadfadh na hallmhairí a dhéanamh níos tarraingtí. Ar an dara dul síos, mar a mhínítear in aithrisí (316) agus (379) thuas, bunús an mhaímh sin, is é sin nach bhfuil sladghearradh i leibhéal 3, tá sé sin mícheart. Ar an tríú dul síos, níor chuir Hankook aon fhianaise isteach chun tacú lena mhaíomh gurbh fhearr le táirgeoirí na Síne a mbrabúis a mhéadú ná a bpraghsanna a ísliú má ligtear do na bearta dul in éag. Ar deireadh, leibhéal reatha na n-onnmhairí Síneacha chuig an Aontas agus na dleachtanna i bhfeidhm, ní féidir leis an leibhéal sin tarraingteacht leanúnach mhargadh an Aontais a chur ó bhailíocht ar na cúiseanna a liostaítear in aithrisí (289) - (291) agus (385) thuas. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin.

7.6. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go ndéanfaí díobháil arís**

(396) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, más rud é go dtéann na bearta in éag, gurb é is dóichí a tharlódh go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar leibhéil phraghais dhíobhálacha agus gur measa a bheadh an staid díobhála ina bhfuil tionscal an Aontais dá bharr.

8. **LEAS AN AONTAIS**

(397) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí deiridh.

8.1. **Leas thionscal an Aontais**

(398) Maidir le táirgeoirí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná 25 % de mhéid táirgeachta an Aontais acu, chomhoibrigh siad leis an imscrúdú.

(399) Léiríodh san imscrúdú go raibh tionscal an Aontais i staid leochaileach nuair nach raibh sé in ann na méaduithe costais a chur ar aghaidh go hiomlán chuig a phraghsanna díola agus gur laghdaíodh a chorrlaigh bhrabúis.

(400) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid, ós rud é go bhfuil díobháil á déanamh do thionscal an Aontais cheana féin agus i gcás ina rachaidh na bearta in éag, go bhfuil dóchúlacht láidir ann go dtiocfaidh méadú ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar leibhéil praghsanna díobhálacha, rud a d'fhágfadh go mbeadh brú praghsanna ag méadú ar mhargadh an Aontais agus go gcuirfeadh sé leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a thuilleadh.

(401) Dá bhrí sin, is léir go bhfuil sé chun leas thionscal an Aontais leanúint leis na bearta.

8.2. **Leas na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí neamhchomhlachaithe**

(402) Níor chomhoibrigh aon allmhaireoir ná úsáideoir leis an imscrúdú.

(403) Thángthas ar an gconclúid san imscrúdú bunaidh, cé nach raibh na bearta chun leasa allmhaireoirí a bhíonn ag brath den chuid is mó ar allmhairiú bonn an-saor ón tSín, nach dócha go ndéanfaidh athbhunú na hiomaíochta córa difear mór d'allmhaireoirí a bhfuil punann níos leithne acu.

(404) Dá bhrí sin, in éagmais fianaise nua, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, amhail san imscrúdú bunaidh, nach ndéanfaidh leanúint leis na bearta difear suntasach ar bith d'allmhaireoirí ná d'úsáideoirí.

8.3. **Leasanna eile**

(405) Fuarthas amach san imscrúdú bunaidh go bhfuil bearta lena gcosnaítear príomh-mhonaróirí bonn thionscal an Aontais a tháirgeann boinn ardcháilíochta nua atá deartha le boinn ardcháilíochta a bheith acu feadh a saolré agus ar féidir iad a atráchtadh, agus na hatráchtóirí atá gníomhach i margadh leibhéal 3, chun leas bheartas an Aontais dramhaíl a laghdú agus amhábhair a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Thairis sin, ós rud é gur FBManna den chuid is mó atá gníomhach sa ghnó atráchta, bheadh forchur na mbeart i gcomhréir freisin leis an gcuspóir tábhachtach atá ag an gCoimisiún tacú le FBManna ([122]).

(406) San imscrúdú bunaidh, bhí aighneachtaí déanta ag soláthróirí lenar tacaíodh le bearta frithdhumpála a fhorchur ina líomhnaítear go bhfuil bearta den sórt sin fíor-riachtanach chun go mairfidh an tionscal atráchta agus ina luaitear go ndéanfar difear mór dá ngnó gan gníomhaíochtaí atráchta. Ina dhiaidh sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh bearta chun leasa soláthróirí tráchta.

(407) In éagmais fianaise nua, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin, amhail san imscrúdú bunaidh, go mbeadh na bearta chun leasa soláthróirí tráchta.

8.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(408) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis an-láidir ann faoi Airteagal 21 den bhun-Rialachán nach mbeadh sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana maidir le hallmhairí bonn de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a choinneáil ar bun.

9. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(409) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le leanúint leis an dumpáil, atarlú na díobhála agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le boinn ón tSín a choinneáil ar bun.

(410) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go dtíolacfar sonrasc den sórt sin, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(411) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

([122]) Aithris (295) Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 263, 22.10.2018, lch. 3)

(412) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, inter alia, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(413) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, is infheidhme go heisiach iad maidir leis an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(414) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na dleachtrátaí frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([123]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(415) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a beartaíodh a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Deonaíodh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis dóibh an nochtadh sin a dhéanamh.

(416) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(417) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, atá faoi láthair faoi chóid AC 4011 20 90 agus ex 4012 12 00 (cód TARIC 4012 12 00 10) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha atá infheidhme in euro de réir na hítime den táirge a shonraítear i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a bheidh siad:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
an tSín	Xingyuan Tire Group Co. Ltd; Guangrao Xinhongyuan Tyre Co., Ltd	4,48	C331
an tSín	GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd.; GITI Tire (Fujian) Company Ltd.; GITI Tire (Hualin) Company Ltd.; GITI Tire (Yinchuan) Company Ltd.	35,74	C332

([123]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, an Bheilg.

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
an tSín	Chongqing Hankook Tire Co., Ltd; Jiangsu Hankook Tire Co., Ltd	17,37	C334
an tSín	Aeolus Tyre Co., Ltd, Aeolus Tyre (Taiyuan) Co., Ltd; Qingdao Yellow Sea Rubber Co., Ltd; Pirelli Tyre Co., Ltd	0	C877
an tSín	Zhongce Rubber Group Co., Ltd	0	C379
an tSín	Weifang Yuelong Rubber Co., Ltd	4,48	C875
an tSín	Hefei Wanli Tire Co., Ltd	4,48	C876
an tSín	Gach cuideachta eile atá faoi réir ath-fhorchur de réir Rialachán (AE) 2023/737 ([124]) a liostaítear in Iarscríbhinn I	10,29	
an tSín	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn II	21,62	
an tSín	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn III	0	
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	4,48	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2, nó in Iarscríbhinní I, II nó III, coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (líon ítimí) (an táirge faoi athbhreithniú) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ní dhearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a onnmhairiú le linn na tréimhse idir an 1 Iúil 2016 go dtí an 30 Meitheamh 2017 (tréimhse an imscrúdaithe bunaidh);

(b) níl sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo; agus a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú as ar eascair an dleacht; agus

(c) is amhlaidh a d'onnmhairigh sé an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht an Síne é nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht nach mór a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

([124]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcásanna uamtha T-30/19 agus T-72/19 IO L 96, 5.4.2023, lch. 9.

5. I gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas atá iníoctha a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([125]), déanfar céatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do chionroinnt an phraghais iarbhír a íocadh nó an phraghais iníoctha a bhaint de mhéid na dleachta frithdhumpála, arna ríomh ar bhonn na méideanna a shocraítear thuas.

6. I gcás ina ndéanfar na dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha arna bhforchur le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ([126]) ón gCoimisiún a mhodhnú nó i gcás ina gcuirfear deireadh leo, méadófar na dleachtanna a shonraítear i mír 2 [nó in Iarscríbhinní I agus II] de réir an chion chéanna agus é sin teoranta don chorrlach dumpála iarbhír a suíodh nó don chorrlach díobhála iarbhír a suíodh, de réir mar is iomchuí le haghaidh na cuideachta agus ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

I gcásanna inar baineadh an dleacht frithchúitimh ón dleacht frithdhumpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe, cuirfear tús freisin le hiarrataí aisíocaíochta faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 chun measúnú a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála don táirgeoir onnmhairiúcháin sin atá i réim le linn thréimhse imscrúdúcháin na haisíocaíochta. Ní bheidh an méid a aisíocfar leis an iarratasóir mar aisíocaíocht níos mó ná an difríocht idir an dleacht a bailíodh agus an dleacht frithchúitimh agus frithdhumpála le chéile a suíodh san imscrúdú aisíocaíochta.

7. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Eanáir 2025

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([125]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558)

([126]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frith-fhóirdheontais chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 283, 12.11.2018, lch. 1)

IARSCRÍBHINN I

Daon-Phoblacht na Síne, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha atá faoi réir ath-fhorchuir tar éis Rialachán (AE) 2023/737

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
an tSín	Chaoyang Long March Tyre Co., Ltd	C338
an tSín	Triangle Tyre Co., Ltd	C375
an tSín	Shandong Wanda Boto Tyre Co., Ltd	C366
an tSín	Qingdao Doublestar Tire Industrial Co., Ltd	C347
an tSín	Ningxia Shenzhou Tire Co., Ltd	C345
an tSín	Guizhou Tíre Co, Ltd	C340
an tSín	Shandong Huasheng Rubber Co., Ltd	C360
an tSín	Prinx Chengshan (Shandong) Tire Co., Ltd	C346
an tSín	Shandong Linglong Tyre Co., Ltd	C363
an tSín	Shandong Jinyu Tire Co., Ltd	C362
an tSín	Sailun Group Co., Ltd	C351
an tSín	Shandong Kaixuan Rubber Co., Ltd	C353
an tSín	Weifang Shunfuchang Rubber And Plastic Products Co., Ltd	C377
an tSín	Shandong Hengyu Science & Technology Co., Ltd	C358
an tSín	Jiangsu General Science Technology Co., Ltd	C341
an tSín	Shanghai Huayi Group Corp. Ltd; Double Coin Group (Jiang Su) Tyre Co., Ltd	C878
an tSín	Qingdao GRT Rubber Co., Ltd	C350
an tSín	Chaoyang Long March Tyre Co., Ltd	C338

IARSCRÍBHINN II

Daon-Phoblacht na Síne, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár sampláladh san imscrúdú bunaidh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
an tSín	Bayi Rubber Co., Ltd	C335
an tSín	Bridgestone (Huizhou) Tire Co., Ltd	C336
an tSín	Megalith Industrial Group Co., Ltd	C342
an tSín	Michelin Shenyang Tire Co., Ltd	C343
an tSín	Nanjing Kumho Tire Co., Ltd	C344
an tSín	Qingdao Fudong Tyre Co., Ltd	C348
an tSín	Qingdao Hairunsen Tyre Co., Ltd	C349
an tSín	Shaanxi Yanchang Petroleum Group Rubber Co., Ltd	C352
an tSín	Shandong Changfeng Tyres Co., Ltd	C354
an tSín	Shandong Haohua Tire Co., Ltd	C355
an tSín	Shandong Hengfeng Rubber & Plastic Co., Ltd	C357
an tSín	Shandong Homerun Tires Co., Ltd	C359
an tSín	Shandong Hugerubber Co., Ltd	C361
an tSín	Shandong Mirage Tyres Co., Ltd	C364
an tSín	Shandong Vheal Group Co., Ltd	C365
an tSín	Shandong Wosen Rubber Co., Ltd	C367
an tSín	Shandong Yongfeng Tyres Co., Ltd	C368
an tSín	Shandong Yongsheng Rubber Group Co., Ltd; Shandong Santai Rubber Co., Ltd	C369
an tSín	Shandong Yongtai Group Co., Ltd	C370
an tSín	Shengtai Group Co., Ltd	C372
an tSín	Toyo Tire (Zhucheng) Co., Ltd	C374
an tSín	Weifang Goldshield Tire Co., Ltd	C376
an tSín	Xuzhou Armour Rubber Company Ltd	C378

IARSCRÍBHINN III

Táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha eile nár sampláladh atá ag comhoibriú san imscrúdú frithdhumpála bunaidh ach nach bhfuil ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais bunaidh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
an tSín	Briway Tire Co., Ltd	C337
an tSín	Goodyear Dalian Tire Company Limited	C339
an tSín	Shandong Hawk International Rubber Industry Co., Ltd	C356
an tSín	Sichuan Kalevei Technology Co., Ltd	C373
an tSín	Zhongce Rubber Group Co., Ltd	C379